



WESTERN
DEVELOPMENT
COMMISSION

Tuarascáil Bhliantúil 2020

Ag tacaíocht forbairt sa phobail, ag infheistiú
i ngnó chun fás agus ag pleanáil do todhchaí
an reigiúin iarthar.

Clár an ábhair

Réamhrá an chathaoirligh	4
Tuarascáil an Phríomhfheidhmeannaigh	6
Ár n-Aidhm	9
Ár bhFís	11
Struchtúr an CFI	13
Cur Chun Cinn Réigiúnach	15
Ceannaireacht Réigiúnach	18
Fiontar Inbhuanaithe	34
Ráitis Airgeadais	40
Príomh-chumasóirí chun ár Straitéis a Sheachadadh: Seirbhísí Corparáideacha	44
Ráiteas Airgeadais Iniúchta don bhlian dár chríoch 31st Nollaig 2020	45

3 figiúirí a thaispeánann dul chun cinn ó 2019–2020

10,000

Níos mó ná
10,000 freagairt
don Suirbhé
Cianobair
Náisiúnta an CRI.

€72.7M

Luach €72.7m ar
ciste infheistíochta
punann ag críoch
2020 le €41.6m
ar fail d'ath-
infheistiú.

€61.3M

Infheistiú carnach
do €61.3m thar
saol an ciste
infheistíochta.

Réamhrá an Chathaoirligh

Ba é paidéim COVID-19 an t-imeacht is sonraí de 2020, bliain inar bunaíodh Rialtas nua tar éis olltoghcháin, agus ceapadh Bord nua do Choimisiún Forbartha an Iarthair. In ainneoin an chorráil sin, lean obair an CFI gan laghdú agus ba mhaith liom ómós a thabhairt don fhoireann agus don Bhord araon as a dtiomantas i gcúinsí dúshlánacha. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil go háirithe le mo réamhtheachtaí an Dr Deirdre Garvey as a cuid oibre thar a téarma trí bliana, a leag an bunús le haghaidh tuilleadh dul chun cinn don CFI maidir le dul i ngleic leis na saincheistanna agus na dúshláin atá os comhair an réigiúin.

Agus é ag leanúint ar aghaidh lena ghealltanais leanúnacha, choinnigh Bord an CFI fócas láidir ar rialachas le linn na tréimhse seo. Bhog cruinnithe agus maoirseacht an Bhoird, cosúil le gníomhaíochtaí níos leithne an CFI, ar líne. Ba mhaith liom tiomantas agus dúil mo Chomhbhoird, agus chomhaltaí an fhochoiste le linn na tréimhse seo a lua. In ainneoin na ndúshlán, rinneadh dul chun cinn suntasach le linn 2020. Seoladh an Branda agus an suíomh gréasáin nuashonraithe chun tacú níos fearr le hobair an Choimisiúin maidir le Réigiún an Iarthair a chur chun cinn.

Ba idirghabhálacha tábhachtacha bunaithe ar fhianaise iad obair na Foirne Beartais ina gcuid anailíse ar an aistriú go cianobair, ar an aistriú leanúnach go gilleagar ísealcharbóin agus an Sraith Táscairí Tráthúla le linn tréimhse nuair a bhí an-chuid faisnéise maidir le COVID 19 ann. Lean foirne tionscadail an AE ar aghaidh lena gcuid oibre le comhpháirtithe AE agus rinneadh dul chun cinn suntasach i bhforbairt an Líonra Moil CEA.

Léirítear an dul chun cinn seo sa chaidreamh neartaithe leis an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail agus san obair chomhoibritheach i roinnt réimsí le gníomhaireachtaí eile, údaráis áitiúla agus páirtithe leasmhara réigiúnacha.

“Léiríonn rath an fheachtais “#MoreToLife”, le níos mó ná 200k amharc sa bhaile agus thar lear ar an bhfíseán tosaigh, an ceangal domhain agus buan atá ag muintir Réigiún an Iarthair lena mbaile.”

Soláthraíonn tionchar leanúnach Chiste Infheistíochta an CFI - le tacaíocht ó acmhainní breise a infheistíodh os cionn € 13m ar fud 61 gnóthas agus tionscadal, le beagán faoi €1m infheistithe faoi chiste WRAP agus luach punainne iomlán de bheagnach €73m - d'fhorbairt agus fás sa todhchaí sa réigiún. Mar gheall ar an gcumas seo, in éineacht le atheagrú inmheánach suntasach agus córais neartaithe chun tacú le hobair an Choimisiúin, tá an CFI i riocht maith ag dul isteach i 2021.

Léiríonn rath an fheachtais “#MoreToLife”, le níos mó ná 200k amharc sa bhaile agus thar lear ar an bhfíseán tosaigh, an ceangal domhain agus buan atá ag muintir Réigiún an Iarthair. I mbliain ina cuireadh cosc ar theaghlaigh agus ar chairde teacht le chéile mar ba mhaith leo a dhéanamh, bhí an ceangal mothúcháinach sin le Réigiún an Iarthair le feiceáil go háirithe.

Tá Coimisiún Forbartha an Iarthair tiomanta oibriú le páirtithe leasmhara réigiúnacha agus náisiúnta eile, i bpobail, oideachas agus tionscal, chun tacú le forbairt réigiún athléimneach chun na dúshlán sin a shárú anois agus amach anseo. Bhí an cur chuige comhoibritheach seo, ailínithe le hobair na Roinne Forbartha Tuaithe agus Pobail agus comhlachtaí agus beartais náisiúnta eile, mar bhunús le dul chun cinn i mbliain dheacair, agus tá an eagraíocht i riocht maith don téarnamh a leanfaidh

Gerry Finn

Cathaoirleach

Coimisiún Forbartha an Iarthair

Tuarascáil an Phríomhfheidhmeannaigh

Agus an bhliain ag druidim chun deiridh, bhí mé ag iarraidh aird a tharraingt, in ainneoin na ndúshlán ollmhór a bhí os ár gcomhair i 2020, cuid den dul chun cinn atá déanta i mbliana maidir le haird a tharraingt ar an iliomad deiseanna atá le tairiscint ag an iarthar. Mar gheall ar an aistriú chuig cianobair, tugadh go leor dár gcuid oibre sa réigiún tugtha chun tosaigh. Tá tuilleadh sonraí faoi na níos mó ná 100 mol feadh Chonair Eacnamaíoch an Atlantaigh le fáil thíos, eolas a fuarthas as na sonraí a bailíodh ó níos mó ná 10,000 duine a d'fhreagair ár suirbhéanna náisiúnta ar Chianobair i gcomhar le OÉ Gaillimh.

I mí Lúnasa sheolamar aitheantas branda nua agus suíomh gréasáin westerndevelopment.ie, leis an aidhm an obair a dhéanaimid agus an tionchar atá aici ar réigiún an iarthair a chur in iúl. Go luath ina dhiaidh seo sheolamar ár bhfeachtas "More To Life", a leagann béim ar na buntáistí a bhaineann le maireachtáil, oibriú agus infheistiú sa réigiún. Is é an glaoch chun gnímh ná gur féidir le hIarthar na hÉireann an deis a thapú chun é féin a athnuachan trí na mílte gairmithe agus teaghlaigh óga a mhealladh chun saol nua a bheith acu sa réigiún.

Chun cuidiú le gnólachtaí a scéal a insint sa bhaile agus thar lear, tá ardán nua ar líne againn darb ainm an "Banc Íomhá", a óstálfaidh íomhánna ardchaighdeán saor in aisce chun saol, obair agus infheistíocht a chur chun cinn in iarthar na hÉireann. Roghnaíodh Sligeach mar phíolótach tosaigh don Bhanc Íomhá, le Dún na nGall agus Liatroim le seoladh air i mí Eanáir 2021, agus ansin Gaillimh, Maigh Eo, Ros Comáin, an Clár, Ciarraí agus Luimneach ina dhiaidh sin. Chun deis a thabhairt do dhaoine eile a scéal a chloisteáil, agus tuiscint ar an iarthar mar cheannairí i nuálaíocht agus i bhforbairt sheolamar sraith podchraolta darb ainm 'Pulse of the West', a chlúdaíonn cianobair, infheistíocht i gcúrsaí ghnó agus scálaí, chomh maith leis an aistriú chuig Geilleagar Ísealcharbóin.

“In ainneoin na paindéime domhanda, ba bhliain í 2020 ina rinneadh níos mó infheistíochta ná riamh, arís.”

Sheol an tAire Heather Humphreys tuarascáil CFI ar thionchar an aistrithe go gilleagar ísealcharbóin do chónaitheoirí tuaithe, agus tá na moltaí a sainithníodh i measc na réimsí fócais dár bhfoireann beartais in 2021, mar aon le táscairí eacnamaíocha tráthúla ar fud an réigiúin. Leanann ár bhfócas ar an nGilleagar Cruthaitheach ar aghaidh, le ciste WRAP ag tacú le táirgeadh scannáin agus teilifíse sa réigiún agus ag cabhrú leis an gcéad ghlúin eile de chluichí agus beochan, ag baint leasa as an líonra moil cruthaitheacha CREW ar fud an iarthair i gcomhpháirtíocht le GMIT agus le hIonad Scannán na Gaillimhe.

Is fócas leanúnach i gcónaí iad smaointe maidir le scálú; smaointe luatha a fhorbairt trí mhaoiniú an AE agus réimsí eile i dturasóireacht liteartha, meantóireacht ar líne, úsáid fuinnimh in-athnuaite agus forbairt fiontar beaga agus meánmhéide. Táimid ag obair i gcomhpháirtíocht le Enterprise Ireland agus maoinitheoirí eile tríd an tionscadal CREW a luaitear thuas, GrowRemote chun pobail a thógáil trí chianobair agus Future Mobility Campus Ireland, leaba tástála d'fheithiclí féinrialaitheacha i mBaile na Sionna, Co. an Chláir.

Ar deireadh thiar, cruthóidh forbairt na smaointe seo níos mó deiseanna chun infheistíocht a dhéanamh trínár gciste infheistíochta. In ainneoin na paindéime domhanda, ba bhliain í 2020 ina rinneadh níos mó infheistíochta ná riamh, arís. Tá fócas fadtéarmach soiléir ag ár straitéis, is é an deis le haghaidh infheistíochta agus an phíblíne infheistíochta a leathnú ar fud an réigiúin agus, go háirithe, san iarthuaisceart. Leanann an obair ar aghaidh le comhpháirtithe eile chun an earnáil/na hearnálacha is fearr a aithint chun é seo a bhaint amach, trí nuálaíocht cheannródaíoch, ach chomh maith trí oibriú le gnólachtaí beaga agus teaghlaigh atá ann cheana féin chun glacadh le bealaí nua oibre. Bhí luach punainne de €72.7m ag an gciste ag deireadh 2020; €41.6m ar fáil le haghaidh athinfheistíochta.

Is é an aidhm atá ag tionscadal Chonair Eacnamaíoch an Atlantaigh (CEA), mar a leagtar amach sa Thionscadal Éireann 2040 é, ná réigiún scála a thógáil sna 20 bliain atá amach romhainn. Chun é sin a dhéanamh ar bhealach inbhuanaithe, beidh pobail athléimneacha mar an príomhbhloc tógála. Táimid ag obair le maoinitheoirí eile, ag tabhairt iasachtaí do na pobail sin chun tús a chur leis an mbonneagar riachtanach a thógáil chun tacú leo agus iad a chothú i dtimpeallacht atá ag síorathrú. Tabharfaidh an tionscadal moil CEA fostaíocht, deiseanna agus gníomhaíocht eacnamaíoch i gcroílár na mbailte agus na sráidbhailte seo.

Ní bheifí in ann an obair seo a dhéanamh gan tacaíocht ár gcomhghleacaithe sa Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail agus príomhpháirtithe leasmhara eile san earnáil phoiblí agus phríobháideach ar leibhéal áitiúil, réigiúnach, náisiúnta agus AE. Leanann ár n-ionadaithe poiblí ar aghaidh ag cur leis an obair seo trína dteagmháil leanúnach le riachtanais agus le huaillmhian na bpobal, agus táimid ag tnúth le bheith ag obair le gach duine trí 2021 agus ina dhiaidh sin.



Tomás Ó Síocháin

Príomhfheidhmeannach
Coimisiún Forbartha an Iarthair



Ár n-Aidhm

Beartas a chur chun cinn
atá dírithe ar chaighdeáin
shóisialta agus gheilleagracha
a fheabhsú sa réigiún.

Is foras reachtúil é Coimisiún Forbartha an Iarthair (CFI) a bunaíodh i 1997 chun forbairt shóisialta agus eacnamaíoch a chur chun cinn i Réigiún an Iarthair (contaetha Dhún na nGall, Liatroim, Shligigh, Mhaigh Eo, Ros Comáin, na Gaillimhe agus an Chláir).

Tá ról reachtúil aige comhairle a thabhairt ar aghaidh don rialtas maidir le saincheistanna a mbíonn tionchar acu ar Réigiún an Iarthair agus beartais an rialtais a chur chun cinn atá dírithe ar fheabhsú chaighdeáin shóisialta agus eacnamaíocha anseo. Déanann sé bainistíocht ar Chiste Infheistíochta CFI, a sholáthraíonn iasachtaí agus cothromas do ghnólachtaí agus do phobail áitiúla sa réigiún.

Tugtar breac-chuntas ar ár gcuid oibre inár straitéis "Work Smarter, Live Better", a foilsíodh in 2019. Leagann sé amach treochlár na heagraíochta do na cúig bliana le teacht. Tá an straitéis tógtha ar thrí philéar: cur chun cinn réigiúnach; ceannaireacht réigiúnach; agus fiontar inbhuanaithe, rud a léiríonn spriocanna straitéiseacha na heagraíochta sa ghearrthéarma, sa mheántéarma agus san fhadtéarma.

Ár bhFís

Réigiún atá iomaíoch ar bhonn domhanda a fhorbairt, trí chomhpháirtíocht, ainilís agus tograí ina bhfuil pobail bhríomhara nasctha a oibríonn ar bhealach níos cliste agus a bhfuil saol níos fearr acu dá réir.



Maireachtáil Níos Fearr

Cuirfimid Réigiún an Iarthair chun cinn mar réigiún atá lomaíoch ar scála domhanda le cothromaíocht eisceachtúil idir an obair agus an saol. Oibreoimid chun an éagothroime réigiúnach a mhaolú, laistigh den réigiún agus le réigiúin eile, agus treoróimid cothromaíocht deiseanna oibre níos cliste chomh maith le comhionannas deiseanna agus rochtain ar thacaíochtaí stáit do gach saoránach ar fud an réigiúin.

Aithnímid

Go bhfuil cothromaíocht idir an obair agus an Saol, chomh maith le deiseanna pearsanta agus proifisiúnta chun dul chun cinn a dhéanamh, ann i Réigiún Iarthair na hÉireann atá i measc na cinn is fearr ar domhan - in ainneoin athruithe suntasacha leanúnacha ón taobh sóisialta, comhshaoil agus teicneolaíochta de.



Struchtúr an CFI

Cuir aithne ar bhfoireann

Ar fud na heagraíochta, bhí 23 ball foirne fostaithe go lánaimseartha ag Coimisiún Forbartha an Iarthair in 2020.

FÉACH AR LIOSTA IOMLÁN ÁR BHFOIRNE ANSEO

Bord 2020

Tá an Bord reatha comhdhéanta de Chathaoirleach agus 11 ghnáthchomhalta, agus is é an tAire Forbartha Tuaithe agus Pobail a cheapann gach duine acu. Ceapadh comhaltaí an Bhoird ar feadh tréimhse 3 bliana ag tosú an 12 Samhain 2020. Tháinig an bord a bhí ag dul as oifig le chéile 5 huaire idir Eanáir agus Lúnasa agus tháinig an bord nuacheaptha le chéile 2 uair idir Samhain 2020 agus Nollaig 2020. Sonraítear sa tábla thíos tréimhse cheapacháin na gcomhaltaí a bhí ann roimhe seo agus na gcomhaltaí atá ann faoi láthair:

Struchtúr an CFI

Go dtí mí Lúnasa 2020

Gnáthchomhalta	Ról	Dáta a ceapadh
Dr. Deirdre Garvey	Cathaoirleach	18 Lúnasa 2017
Mr. Noel Brett	Gnáthchomhalta	18 Lúnasa 2017
Mr. Ian Barrett	Gnáthchomhalta	18 Lúnasa 2017
Ms. Auveen O'Neill	Gnáthchomhalta	18 Lúnasa 2017
Mr. Christy Loftus	Gnáthchomhalta	18 Lúnasa 2017
Prof. Mary P. Corcoran	Gnáthchomhalta	18 Lúnasa 2017
Mr. Gerry Finn	Gnáthchomhalta	18 Lúnasa 2017
Mr. Micheal Frain	Gnáthchomhalta	18 Lúnasa 2017
Mr. John Kelleher	Gnáthchomhalta	18 Lúnasa 2017
Mr. Henry McGarvey	Gnáthchomhalta	18 Lúnasa 2017
Ms. Yvonne Shields	Gnáthchomhalta	18 Lúnasa 2017

Ceaptha an 12 Samhain 2020

12 Samhain 2020	Ról	Dáta a ceapadh
Mr. Gerry Finn	Cathaoirleach	12 Samhain 2020
Ms Aisling Meehan	Gnáthchomhalta	12 Samhain 2020
Ms. Audrey Crummy	Gnáthchomhalta	12 Samhain 2020
Mr. Christy Loftus	Gnáthchomhalta	12 Samhain 2020
Mr. Edmund Jennings	Gnáthchomhalta	12 Samhain 2020
Ms. Mary McKenna	Gnáthchomhalta	12 Samhain 2020
Ms. Mary Coyne	Gnáthchomhalta	12 Samhain 2020
Prof. Mary P. Corcoran	Gnáthchomhalta	12 Samhain 2020
Mr. John Kelleher	Gnáthchomhalta	12 Samhain 2020
Mr. Henry McGarvey	Gnáthchomhalta	12 Samhain 2020
Mr. Peter Hynes	Gnáthchomhalta	12 Samhain 2020
Ms. Sandra Nolan	Gnáthchomhalta	12 Samhain 2020

Cur Chun Cinn Réigiúnach

Sa ghearrthéarma, is é ár n-aidhm ná próifíl an réigiúin a ardú agus ár scéal a insint do lucht éisteachta níos leithne, go háirithe dóibh siúd atá ag iarraidh cónaí nó oibriú anseo. Is ceantar iontach álainn é réigiún an iarthair, suite ar chósta Atlantach na hÉireann, ar imeall thiar na hEorpa, agus pointe iontrála nádúrtha ó na Stáit Aontaithe Mheiriceá, Ceanada agus ón mór-roinn Mheiriceánach ar fad.

I mí Lúnasa 2020 sheol an CFI aitheantas branda, lógó agus suíomh gréasáin nua. Ba toradh an obair seo ar níos mó ná sé mhí oibre a rinne an fhoireann chumarsáide.

An Feachtas “More to Life”

Tar éis an athbhrandála, sheolamar feachtas nua dar teideal ‘More to Life’ chun an líon - líon atá ag méadú - deiseanna gairme agus stíl mhaireachtála atá ann san Iarthar a chur i láthair. Cruthaíodh sraith físeán iontach nua chun radhairc den bhaile, den obair agus den saol ar fud Iarthar na hÉireann a léiriú - agus ina maíodh: “Is níos mó ná áit é seo. Is bealach mairachtála é. Is ann atá an chothromaíocht idir an obair agus an saol faoi rath. Is é seo Iarthar na hÉireann, áit ina bhfuil níos mó leis an saol.”

“Is as an achrann a thagann deis, agus tá deis mhór ag Iarthar na hÉireann athnuachan agus athbheochan a dhéanamh air féin.”
— Tomás Ó Síocháin

TUILLÉADH EOLAIS FAOIN BHFEACHTAS ANSEO

Sraith Podchraolta

Seoladh ár Sraith Podchraoltaí nua dar teideal Pulse of the West thart ar deireadh Lúnasa tá léargais ón CFI, ón tionscal agus ón saol acadúil inti. Arna óstáil ag ár bPríomhfheidhmeannach, Tomás O Síocháin, tá clúidiú déanta an bpodchraoladh cheana féin ar ábhair ar nós cianobair, moil spásanna comhoibrithe, todhchaí na hoibre agus an Clár Aeráide.

ÉIST LEIS NA PODCHRAOLTA GO LÉIR AGUS GO HIOMLÁN ANSEO



Banc Íomhá


I mí na Nollag sheolamar ardán ar líne úrnua ina mbeidh íomhánna ardchaighdeáin, saor in aisce le húsáid, chun maireachtáil, oibriú agus infheistíocht in iarthar na hÉireann a chur chun cinn.

Roghnaíodh Sligeach mar phíolótach tosaigh don Bhanc Íomhá, le Dún na nGall agus Liatroim le seoladh ann i mí Eanáir 2021, agus ansin Gaillimh, Maigh Eo, Ros Comáin, an Clár, Ciarraí agus Luimneach ina dhiaidh sin.

FÉACH AR AN MBANC ÍOMHÁ ANSEO



Ceannaireacht Réigiúnach



Áirítear leis seo ár spriocanna meántéarmacha chun comhtháthú a chothú ar fud an réigiúin, trí thionscadail shuntasacha ar nós Chonair Eacnamaíoch an Atlantaigh. Léiríonn sé freisin ár dtacaíocht don aistriú chuig cianobair agus obair dháilte, rud a chuireann scóip shuntasach ar fáil d'fhás tuaithe agus réigiúnach. Clúdaíonn an colún seo dár straitéis tionscadail náisiúnta agus AE araon a dhéanann iniúchadh agus measúnú ar bhealaí nua oibre agus comhoibrithe agus a sholáthraíonn ardán le haghaidh machnaimh nuálach agus athléimneacht réigiúnach.

An tAthrú go Sochaí Ísealcharbóin a Dhéanamh i Réigiún an Iarthair - Príomhcheisteanna do mhuintir na tuaithe.

I mí Lúnasa d'fhoilsigh ár bhfoireann Beartais anailís nua ar na dúshláin do cheantair thuaithe i dtuarascáil dar teideal “An tAthrú go Sochaí Ísealcharbóin a Dhéanamh i Réigiún an Iarthair - Príomhcheisteanna do mhuintir na tuaithe.”

Sheol an tAire Forbartha Tuaithe agus Pobail, Heather Humphreys, an tuarascáil ag oifigí CFI i mBealach an Doirín, Co. Ros Comáin.

Is í an Dr Helen McHenry ón CFI a scríobh an tuarascáil, agus is í an chéad tuarascáil dá leithéid a scrúdaíonn go sonrach an tionchar dóchúil a bheidh ag an aistriú go gilleagar ísealcharbóin ar mhuintir na tuaithe in Éirinn. Bhreathnaigh an tuarascáil ar thrí phríomhréimse: lompar agus taisteal, Tithe i Réigiún an Iarthair agus Éileamh/Soláthar Leictreachais. [Tá an tuarascáil iomlán ar fáil anseo.](#)



94%

Tromlach ag iarraidh
cianobair iar-géarchéim

Cianobair le linn Covid-19 - Suirbhé Náisiúnta na hÉireann

D'fhoilsigh taighdeoirí ón Institiúid Whitaker in OÉ Gaillimh agus ó Choimisiún Forbartha an Iarthair sonraí achoimre ón dá chéim ar leith den suirbhé náisiúnta faoin gcianobair. Chuir torthaí an staidéir faoin gcianobair fostóirí ar an eolas faoi eispéiris na bhfostaithe ar chianobair. Dhírigh an suirbhé ar na fostaithe sin a bhí ag obair go hiomlán go cianda faoi láthair nó a bhí ag obair go cianda agus ar láthair araon. Tá sonraí agus grafaicí eolais ó [**Chéim 1 ar fáil anseo**](#), agus tá gach eolas a bhaineann le [**Céim 2 ar fáil anseo**](#).

Grúpa Saineolaithe ar Chianobair de chuid CFI-OÉ Gaillimh (Institiúid Whitaker)

Bunaíodh sainghrúpa, ag tógáil ar thorthaí na Suirbhéanna Náisiúnta faoi Chianobair agus comhairliúchán breise le páirtithe leasmhara in 2020. Bhuaill an Grúpa, a bhí comhdhéanta d'ionadaithe ó Institiúid Whitaker OÉ Gaillimh, ó Choimisiún Forbartha an Iarthair (CFI), agus ionadaithe ón tionscal, le cuideachtaí éagsúla, príomheagraíochtaí ionadaíochta fostóirí agus fostaithe agus geallsealbhóirí beartais i rith 2020 agus tá roinnt moltaí sainaitheanta aige don dá eagraíocht agus don rialtas.

Cé gur scríobhadh an tuarascáil le linn na paindéime COVID-19, a d'fheidhmigh mar chatalaíoch chun na deiseanna agus na dúshláin a bhaineann le cianobair a aithint, tá sé dírithe ar bheartais agus ar chleachtais a shainaithint a thacóidh le cianobair i dtimpeallacht iar-phaindéimeach. Tarraingíonn an tuarascáil ar eispéiris chianoibre ó roinnt cuideachtaí a raibh cleachtais cianoibre seanbhunaithe acu roimh COVID-19. [**Tá achoimre fheidhmeannach na tuarascála ar fáil anseo**](#) agus [**tá an tuarascáil iomlán ar fáil anseo**](#).

Táscairí Eacnamaíocha Tráthúla

Chun cabhrú le measúnú a dhéanamh ar ghníomhaíocht eacnamaíoch i Réigiún an Iarthair agus i gConair Eacnamaíoch an Atlantaigh (CEA) níos gaire don fhíor-am, thosaigh Coimisiún Forbartha an Iarthair (CFI) ag scaoileadh “Táscairí Eacnamaíocha Tráthúla do Réigiún an Iarthair” in 2020. Samhlaítear go dtabharfar tuarascáil rialta ar an tsraith táscairí le linn na bearna idir foilsiú na bpríomhstaitisticí eacnamaíocha réigiúnacha agus contae ar nós OTI Réigiúnach agus Ioncam Contae. [Is féidir breathnú ar na tuarascálacha seo anseo.](#)





Tionscadal Mhoil Chonair Eacnamaíoch an Atlantaigh

Is é an CFI an ghníomhaireacht chomhordaithe do Thionscadal Chonair Eacnamaíoch an Atlantaigh, príomhthionscnamh de chuid an Tionscadail Éireann 2040, a fhéachann le fás suntasach a dhéanamh ar an réigiún ó Dhún na nGall go Ciarraí sna 20 bliain atá le teacht, forbairt réigiúnach níos cothroime a lorg, fás eacnamaíoch chun tacú leis an bhfás atá réamh-mheasta ar dhaonra na réigiúne, agus le spásanna poiblí is infrastruchtúr a théann leis an gcaighdeán maireachtála atá ar fáil ar feadh Chósta an Atlantaigh.

Tá sé mar aidhm ag Tionscadal Mhoil Fiontraíochta an CEA, ar fiú €1m, líonra moil a chruthú ó Dhún na nGall go Ciarraí. Is tionscadal píolótach náisiúnta é an tionscadal seo, a dhéanfaidh rangú ar na háiseanna a thairgeann moil fiontraíochta, spásanna comhoibrithe, agus áiseanna eile a fhreastalaíonn ar fhiontraithe, ar fhostóirí agus ar fhostaithe.

I mí Lúnasa, seoladh léarscáil ar líne de 110 mol ar fud an réigiúin ag taispeáint na n-áiseanna ar fud an réigiúin. **Is féidir an léarscáil a fheiceáil anseo.** Sheol an fhoireann an chéad chóras rangaithe do mhoil freisin, atá glactha anois ar fud an rialtais mar mhúnla náisiúnta chun moil a rangú.



I mí Mheán Fómhair, fuair 65 mhoil feadh Chonair Eacnamaíoch an Atlantaigh maoiniú chun tacú lena n-athoscailt i gcomhréir le treoirlinnte sláinte poiblí tar éis thionchar COVID-19. Rinne Coimisiún Forbartha an Iarthair, in éineacht leis an Oifigeach CEA i ngach contae, bainistiú ar an bpróiseas seachadta ar son na Roinne de €300,000. [Tuilleadh eolais faoin maoiniú anseo.](#)

Ar deireadh, forbraíodh Straitéis Líonra Moil AEC trí chomhairliúchán fairsing le geallsealbhóirí agus cuireadh faoi bhráid an Aire Heather Humphreys í i samhradh na bliana 2020. Bunaithe ar an straitéis, tá cinneadh déanta ag an Aire go leathnófar Líonra Moil an CEA chuig feidhmiú céimneach náisiúnta. Tá Foireann an CEA-CFI ag bainistiú an tionscnaimh náisiúnta seo anois. Soláthraíonn grúpa idir-rannach atá comhdhéanta de státseirbhísigh shinsearacha ó DRCD, DETE, DTCAGSM, DECC, CFI, IDA, EI, maoirseacht ar an tionscnamh seo.

Tá an tionscadal réidh anois chun cabhrú le tacaíocht a thabhairt do phobal na moil agus tógáil ar obair na mbainisteoirí moil ar fud an réigiúin tríd an straitéis nua a sheoladh, sraith de chórais TFC ar líne, lena n-áirítear córas áirithinte den scoth chomh maith le feachtas margaíochta úrnua chun teacht ar lucht éisteachta éagsúil.

Geilleagar Cruthaitheach

In 2020 sainaithníodh an CFI mar an phríomhghníomhaireacht, i gcomhar le hÚdarás na Gaeltachta agus Oifigí Eacnamaíochta Áitiúla, ar an bPlean Fiontraíochta Réigiúnach an Iarthair de chuid na Roinne Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta, a fhéachann le fás a dhéanamh ar an “nGeilleagar Cruthaitheach” sa réigiún.

Príomh-éachtaí in 2020

- Cur i bhfeidhm na haidhme maidir leis an ngeilleagar cruthaitheach i bPlean Fiontraíochta an Iarthair
- Suirbhé ar earnáil na cruthaitheachta i nGaillimh, Maigh Eo agus Ros Comáin a chur i bhfeidhm chun tosaíochtaí fáis a aithint san earnáil (ghlac 140 gnólachtaí beaga is meánmhéide páirt, agus fuarthas eolas tábhachtach maidir le tionchar Covid san earnáil srl.)
- Forbairt na n-earnálacha cruthaitheacha atá ag teacht chun cinn – fás ar Thurasóireacht Liteartha tríd an tionscadal Spot-lit de chuid an AE
- Ciste Wrap – Tacaíodh le hinfheistíochtaí móra i scannáin agus teilifís réigiúnach, m.sh. Calm with Horses, a aimníodh d’IFTA

Fócas do 2021 agus níos faide

- Gníomhartha Plean Fiontraíochta an Iarthair maidir leis an nGeilleagar Cruthaitheach a chur i gcrích
- Suirbhé a rinneadh le gnólachtaí beaga agus móra ar an ngeilleagar cruthaitheach a chur i bhfeidhm i réigiún iomlán an CFI

Tionscadail AE - Méadú Inniúlachta don Réigiún agus dá Pháirtithe Leasmhara

Leanann CFI ar aghaidh ag tairiscint rochtaine thar na bearta do Réigiún an Iarthair ar thionscadail straitéiseacha is comhtháite atá maoinithe ag an AE as a d'eascair fíor-athrú in earnálacha ar nós an geilleagar cruthaitheach, fuinneamh in-athnuaite, tacaíocht do gnólachtaí beaga is meánmhéide, srl.

Príomhéachtaí in 2020

- San iomlán, fuair an CFI agus a chomhpháirtithe réigiúnacha beagnach €13.5m de mhaoiniú gníomhach tionscadail ón AE in 2020.
- Fostaíodh/tacaíodh le 192 frontair beaga is meánmhéide réigiúnacha trí chlár AE an CFI
- Chuir na Tionscadail €1,888,833m go díreach i leith Réigiún Iarthar na hÉireann

Fócas do 2021 agus níos faide

- Tionscadail reatha an AE a chur i bhfeidhm le geallsealbhóirí chun aidhmeanna straitéiseacha an CFI a bhaint amach
- Píblíne tionscadal a fhorbairt mar atá thuas agus le páirtithe leasmhara réigiúnacha

ReDirect

Ag forbairt gnóanna réigiúnacha i margaidh fáis Bithmheais

Is tionscadal Interreg Iarthuaisceart na hEorpa é RE-DIRECT arna chur i bhfeidhm go réigiúnach ag an CFI agus á threorú ag Ollscoil Kassel sa Ghearmáin agus le comhpháirtithe tionscadail ar fud cúig náisiún Eorpacha éagsúla, lena n-áirítear Éire. Tá Cumann Bithfhuinnimh na hÉireann (IrBea) i dteannta an CFI. Bhí sé mar aidhm ag na tionscadail cuid de na tríocha ceithre mhilliún tonna de bhithmhais iarmharach a mheastar go dtáirgtear gach bliain ar fud réigiúin an AE a athrú go foinse dhúchasach de bhithcharbón nó de charbón gníomhachtaithe. Is fiú €5m an tionscadal seo.

In 2020 d'éirigh leis an CFI an tionscadal Re-Direct a thabhairt chun críche le comhpháirtithe agus fuair sé maoiniú leantach de €5.62m ar an tionscadal Three C (a bhfuil mar aidhm aige slabhraí luacha atá inmharthana go heacnamaíoch a fhorbairt bunaithe ar amhábhair gualaigh ó bhithmhais dramhaíola), atá á chur i bhfeidhm ag IrBEA sa réigiún.

Bizmentors

Ag cur le forbairt comhlachtaí beaga sa réigiún trí phróséis oscailte meantóireachta a gcruthú

Is tionscadal maoinithe ag an AE é BizMentors, arna chómhaoiniú ag Clár Interreg an NPA. Is é an CFI an príomhpháirtí sa tionscadal seo agus tá sé ag obair i gcomhpháirtíocht le heagraíochtaí in Éirinn, san Íoslainn, san Fhionlainn agus i dTuaisceart Éireann. Tá sé mar aidhm ag an tionscadal ardán meantóireachta ar líne a fhorbairt chun cabhrú le fiontair bheaga agus mheánmhéide i gceantair iargúlta atá bunaithe i réigiúin chomhpháirtíochta rochtain a fháil ar thacaíocht gnó trí mheantóireacht shaor in aisce ar líne. Tá suíomh gréasáin an tionscadail beo ar <https://bizmentors.eu/>

Tháinig an smaoineamh do bizMentors chun cinn ó chomhpháirtithe an CFI agus ón bhfiontraíocht áitiúil. Tá SCCUL Enterprise, atá lonnaithe i nGaillimh, agus bizMentors international curtha i bhfeidhm sa chomhpháirtíocht thrasnáisiúnta seo ó 2018 agus beidh sé ar siúl go dtí deireadh 2021. Is é an buiséad iomlán don tionscadal ná €1.3m.

I measc na gcomhpháirtithe tá na comhlachtaí seo a leanas:

- An CFI - príomhpháirtí
- SCCUL Enterprise, Éire
- Comhairle Ceantair Fhear Manach & na hÓmaí, Tuaisceart Éireann
- Ollscoil Eolaíochtaí Feidhmeacha Savonia, an Fhionlainn
- Líonra Comhoibrithe Artach na hÍoslainne, an Íoslainn
- Gníomhaireacht Forbartha Oirthuaisceart na hÍoslainne, an Íoslainn

Príomhéachtaí in 2020:

Tar éis tástáil rathúil a dhéanamh ar mheantóireacht as líne, in 2020 bhí an chomhpháirtíocht ag tógáil ardáin ar líne chun meantóireacht ar líne a éascú. Forbraíodh algartam chun cabhrú leis an meantóir ceart agus na mic léinn cearta a mheaitseáil suas. Rinneadh tástáil i measc na comhpháirtíochta chun seoladh treoirmheantóireachta ar bhonn píolótach a éascú ar an ardán ar líne in 2021. Forbraíodh an t-ardán in éineacht le enovation, atá lonnaithe i mBaile Átha Cliath, a bhfuil an t-ardán saincheaptha i tógtha acu i moodle. Mar aon leis sin, d'éirigh le bizMentors International dul i gcomhpháirtíocht le CISCO i nGaillimh agus bhain siad úsáid shaor in aisce as físghlaonna Webex chun an fheidhm físe le haghaidh meantóireachta ar an ardán ar líne a éascú.

Foilsíodh Lámhleabhar Dea-Chleachtais freisin, a roinn an t-eolas agus an taithí ar mheantóireacht sa chomhpháirtíocht. Tá an Lámhleabhar Dea-Chleachtais ar fáil ar líne ar <https://bizmentors.eu/>.

Beidh gnólachtaí in ann rochtain a fháil ar mheantóireacht áitiúil óna dtír le linn na scéime píolótaí. Beidh deis acu freisin a bheith rannpháirteach i meantóireacht thrasnáisiúnta. Cuirfidh torthaí an chláir phíolótaigh tuilleadh le forbairt an ardáin ar líne.

Fócas do 2021 agus níos faide

- Triail a bhaint as an ardán saoir in aisce rochtana oscailte ar líne le 40+ gnólachtaí beaga agus meánmhéide idirnáisiúnta
- Feabhas a chur ar an táirge deiridh agus straitéis inbhuanaitheachta don todhchaí a thabhairt chun críche

Blue Circular Economy (BCE)

Ag forbairt gnónna chun dramhaíl plaisteach mara a athchúrsáil agus a sheachaint

Tá bruscar muirí ar cheann de na fadhbanna comhshaoil is tromchúisí atá ag cur isteach ar limistéir uisce ar fud an domhain faoi láthair. Tá cuid mhór den bhruscar muirí seo comhdhéanta d'earraí plaisteacha caite lena n-áirítear, i dtimpeallachtaí aigéin, méid suntasach de threalamh agus de chomhpháirteanna iascaireachta (ALDFGanna) atá tréigthe, caillte nó caite amach. Tríd an ábhar seo a aisghabháil le haghaidh athchúrsála, agus trí phrionsabail an gheilleagair chiorclaigh a leabú ag an gcéim deartha le haghaidh trealamh nua, féadfar an méid ALDFGanna a thruaillíonn aigéin an domhain a laghdú chomh maith le deiseanna eacnamaíocha nua a chruthú d'fhiontair beaga agus meánmhéide a úsáideann an t-ábhar athchúrsáilte agus múnlaí gnó nuálacha chun táirgí agus seirbhísí nua a mhargú.

Is tionscadal maoinithe ag an NPA é BCE a bhfuil mar aidhm aige cabhrú le fiontair beaga agus meánmhéide den sórt sin rochtain níos fearr a bhaint amach ar an margadh, agus déanann sé amhlaidh trí thaighde a dhéanamh ar mhúnlaí gnó nua, trí phrionsabail dearaidh ciorclach a fheabhsú agus a chur i bhfeidhm i ndéantúsaíocht trealamh nua, agus trí fhorbairt córais éicilipéaduithe atá iontaofa is barantúil, chun cabhrú le gnólachtaí beaga agus meánmhéide a gcuid táirgí nua inbhuanaithe a dhifreáil agus a chur chun cinn ar an margadh.

Ceannaireacht Réigiúnach

Tá sé mar aidhm ag BCE múnla cnuasaithe a úsáid chun cruthú trí bhraisle geilleagair chiorclaigh a chothú bunaithe ar dhearadh inbhuanaithe, téarnamh, athchúrsáil, deisiú agus athúsáid líonta, rópaí agus comhpháirteanna plaisteacha iascaireachta (FNRCanna), laistigh de réigiún an NPA. Déanann sé é sin trí iarracht a dhéanamh fiontair beaga agus meánmhéide a aithint, dul i ngleic leo, agus iad a tharraingt le chéile, san Iorua agus ar fud réigiúin an NPA ar fad, chun malartú eolais agus naisc fhéideartha gnó a éascú trí imeachtaí líonraithe, seimineáir ghréasáin, ceardlanna nuálaíochta, agus comhdhálacha. Cuimsítear, freisin, sna himeachtaí seo: rannpháirtíocht ó ghrúpa níos leithne de pháirtithe leasmhara lena n-áirítear údaráis áitiúla, gníomhaireachtaí earnála, institiúidí ardoideachais, agus an pobal i gcoitinne.

Príomhéachtaí in 2020:

- Bhí BCE sa bhabhta ceannais in dhá chatagóir ag na Gradaim Regiostars 2020, lena n-áirítear an Gradam Rogha Poiblí iomráiteach a ligeann do bhaill den phobal ar fud na hEorpa a dtacaíocht a léiriú don tionscadal is fearr leo.
- D'éirigh linn dul i ngleic leis an gcur isteach a tháinig i bhfoirm COVID trí chomhdháil mhór ar líne a óstáil ar an ábhar Trealamh Iascaireachta Dramhaíola a Athrú go Deiseanna Gnó. Bhí an chomhdháil seo le bheith ar siúl mar chuid den Siompóisiam Idirnáisiúnta 2020 ar Phlaistigh san Artach san Íoslainn, agus bhí léirithe agus rannpháirtíocht ón gCoimisiún Eorpach, Global Ghost Gear Initiative (GGGI), EUROCORD, agus eile ann.
- Obair rannpháirtíochta agus cumarsáide leanúnach in aghaidh tionchair COVID trí sheimineáir ar líne, eisiúint na chéad nuachtlitir tionscadail, agus cumarsáid ar na meáin shóisialta.

Focus for 2021 and beyond

- Páirtithe leasmhara a spreagadh chun an chéad bhraisle uaschúrsála plaisteach Mara in Éirinn a fhorbairt
- Dea-chleachtas braisle idirnáisiúnta (ón Iorua srl.) a aistriú chuig Múnla na hÉireann

Spot-lit

Cur chuige spreagúil do fhorbairt earnáil na turasóireachta liteartha

Is tionscnamh uathúil é Spot-Lit.eu atá á chur i bhfeidhm ag an CFI chun an margadh turasóireachta liteartha a fhorbairt sa réigiún. Arna mhaoiniú ag an gClár Imill Thuaidh agus Artach INTERREG (NPA) (Buiséad: €1.9m), tá sé mar aidhm ag [Spot-lit.eu](https://spot-lit.eu) earnáil na turasóireachta liteartha a fhás i réigiún Imill Thuaidh agus an Artaigh, trí acmhainn a fheabhsú in earnáil na turasóireachta liteartha agus trí thacaíocht a thabhairt do ghnólachtaí agus eagraíochtaí beaga is meánmhéide chun fás, comhoibriú agus lucht éisteachta a spreagadh níos fearr le chéile. Tá Coimisiún Forbartha an Iarthair i gceannas ar na pacáistí oibre Tacaíochta Cumarsáide agus Gnó. [Féach ar fhíseán Spot-lit anseo.](#)

Príomhéachtaí in 2020:

Mar chuid den Tionscadal Spot-lit, in 2020 dhear agus d'fhorbair an CFI [Clár Tacaíochta cuimsitheach do Thionscal na Turasóireachta Liteartha](#) a théann i ngleic le gnólachtaí agus a thacaíonn le gnólachtaí a gcuid táirgí/seirbhísí liteartha a fhorbairt. Reáchtáladh sraith ceardlann tosaigh ar fud an réigiúin a chuaigh i dteagmháil le breis agus 50 gnó chun cabhrú leo a gcumas gnó i réimse na turasóireachta liteartha áitiúla a fhorbairt. Ag leanúint ar aghaidh ó na ceardlanna tosaigh, roghnaíodh 5 gnó trí phróiseas iomaíoch chun páirt a ghlacadh sa chlár tacaíochta gnó, a mhaireann bliain amháin. Cuimsíonn an clár sainiúil seo sraith ceardlann rannpháirtíochta míosúla, turais foghlama, clinicí comhairle gnó

agus tacaíochtaí meantóireachta aonair chomh maith le tacaíocht forbartha táirgí suas le €10,000. Tá fócas na smaointe gnó/forbairt táirgí dírithe ar fhorbairt na Turasóireachta Liteartha.

In 2020, d'fhógraigh an CFI iarratas ar ar chomhpháirtí cruthaitheach chun **Múnla Feidhmíochta Liteartha Shlí an Atlantaigh Fhiáin** a fhorbairt. Is é ceann d'aidhmeanna an chláir Spot-Lit ná múnlaí de dheiseanna áit-bhunaithe a thástáil ar bhealaí nua, nuálaíocha, inbhuanaithe agus cruthaitheacha, a fhéachann níos faide ná an tírdhreach nádúrtha agus a chruthaíonn tarraingteacht atá bunaithe ar shócmhainní cultúrtha agus liteartha chun suim a leathnú sa réigiún. Tá sé mar aidhm ag Múnla Feidhmíochta Liteartha Shlí an Atlantaigh Fhiáin, atá á forbairt faoi láthair, turasóireacht chultúrtha a spreagadh, dul i dteagmháil le healaíontóirí áitiúla, agus idirghníomhú liteartha uathúil a sholáthar do dhaoine. Tuilleadh eolais ag Spot-lit.eu.

Fócas do 2021 agus níos faide

- Líonra Turasóireachta Liteartha trasnáisiúnta a fhorbairt chun forbairt na hearnála a threorú
- An Aip Taistil turasóireachta Liteartha a chur i bhfeidhm sa réigiún chun gnó a mhéadú
- An nuálaíocht turasóireachta liteartha agus táirgí feidhmíochta a fheabhsú, chun fás agus chun cumas na hearnála chun custaiméirí a spreagadh a thaispeáint sna blianta atá amach romhainn

Extra SME Ag cothú féidireachtaí fáis an eacnamaíocht mara

Trína chuid oibre sa tionscadal EXTRA-SMES de chuid an AE, tá an CFI ag díriú ar fhás laistigh den gheilleagar mara trí fheabhas a chur ar chur i bhfeidhm ionstraimí beartais sna réigiúin rannpháirteacha, trí phróisis agus nósanna imeachta riaracháin níos simplí agus níos fearr a chur chun cinn. Táthar ag súil go gcuirfidh sé seo ar chumas frontair beaga is meánmhéide leathnú ar mhargaí réigiúnacha, náisiúnta agus idirnáisiúnta chun a gcuid táirgí a chur chun cinn, agus, ag an am céanna, dul i mbun próisis nuálaíochta, rud a spreagfaidh cruthú poist.

In 2020 thionóil CFI 60 páirtithe leasmhara in imeacht 2 lá i Sligeach chun tuairimí a phlé agus a roinnt ar an mbealach is fearr le dul i ngleic le fás trí chur chuige simplithe don Dobharshaothrú. Mar thoradh air seo rinneadh doiciméad achomair a scaipeadh ar chomhpháirtithe náisiúnta agus idirnáisiúnta. In 2021 tá sé beartaithe leanúint leis an idirphlé maidir leis na bealaí is fearr le dul i ngleic le fás na hearnála laistigh de réigiún an iarthair.

LECo

Ag forbairt Pobail Áitiúla Fuinnimh sa réigiún

Is tionscadal 3 bliana, €1.95m é LECo, arna mhaoiniú trí chlár an NPA, a bhfuil mar aidhm aige taithí, eolas agus saineolas na gcomhpháirtithe tionscadail a thabhairt le chéile agus coinníollacha a sholáthar chun Pobail Fuinnimh Áitiúla féin-leordhóthanach a chruthú. Is é an sprioc ná teicneolaíochtaí nuálacha nua a chomhcheangal le hacmhainní nádúrtha atá ar fáil go háitiúil, agus feachtas a ardú ar éifeachtúlacht fuinnimh agus ar fhéidearthachtaí chun an fuinneamh in-athnuaite a úsáid.

Tá an cur chuige bunaithe ar mhúnla an gheilleagair rothaíochta áitiúil. Sa tionscadal seo, bunófar Pobail Fuinnimh Áitiúla, rud a chruthóidh éifeachtaí sineirgisteacha ar an ngeilleagar áitiúil agus ar dlúthpháirtíocht shóisialta.

Príomhéachtaí in 2020

- Foilsíodh ceithre billeoga eolais maidir le Fuinneamh Inathnuaite don réigiún (Fuinneamh PV, Gaoithe, Caidéil teasa srl.)
- Rinneadh an Chomhdháil dheireanach leis na comhpháirtithe idirnáisiúnta
- Cuireadh an t-ardán oiliúna ar líne i gcrích: www.localenergycommunities.net.
- Críochnaíodh an oiliúint EnergyPLAN.
- Rinneadh trí staidéar féidearthachta maidir le fuinneamh pobail do na pobail i Maohail, Lios Dúin Bhearna agus Tuar Mhic Éadaigh.

Fiontraíocht Inbhuanaithe

Is é seo an dearcadh fadtéarmach chun cur le rathúlacht ár gCiste Infheistíochta síorghlas, dar luach €73m, atá níos mó ná dhá oiread na hinfheistíochta bunaidh a leithdháileadh ar an CFI. Is é an sprioc atá againn sna cúig bliana atá amach romhainn ná ár n-infheistíocht agus ár n-iasachtaí a leathnú agus ardán a chruthú chun buntáiste iomaíoch domhanda a fhorbairt don réigiún i bpríomhréimsí, á dhéanamh ar bhealach a chosnaíonn áilleacht nádúrtha agus acmhainní ár réigiúin agus a fheabhsaíonn caighdeán na beatha dóibh siúd atá ina gcónaí ann.

Léargas Ginearálta ar Chiste Infheistíochta an Iarthair 2020

€73M

Luach punainne de bheagnach €73 milliún i gCiste Infheistíochta an Iarthair tógtha ar an stáitchiste bunaidh de €31.75 milliún trí straitéis infheistíochta síorghlas de chuid an CFI.

€13M

Ceadaíodh €13 milliún in infheistíocht agus iasachtaí ar fud 61 gnó/tionscadal

€8.2M

Ceadaíodh €8.2m do 14 frontair beaga is meánmhéide agus Miceaghnóthas

€0.9M

Ceadaíodh €0.9m infheistíochta i 17 tionscadal faoin gCiste WRAP

€3.9M

Ceadaíodh €3.9m do 30 Fiontair Phobail agus Shóisialta

€42M

Cúlchistí airgid de €42 milliún ar fáil le haghaidh infheistíochta

Eolas faoi Chiste Infheistíochta an Iarthair

Soláthraíonn Ciste Infheistíochta an Iarthair maoiniú cothromais agus iasachtaí do ghnólachtaí, do phobail, do thionscnaimh straitéiseacha agus don tionscal cruthaitheach atá bunaithe i, nó ag bogadh go dtí, Réigiún Iarthair na hÉireann.

Déanann an ciste infheistíocht agus iasachtú ar bhonn tráchtála agus bíonn sé ag lorg fáltas airgeadais agus díbhinn shóisialta-eacnamaíoch don réigiún. Ciste síorghlas atá ann agus athinfheistítear an fáltas ar fad ónár gcuid infheistíochtaí i bhfontair nua.

Infheistíonn an ciste in earnálacha iolracha agus ag gach céim de shaolré an ghnó, ón ngnólacht nuathionscanta go dtí méadú an ghnólachta.

Le 20 bliain anuas tá roinnt cistí éagsúla forbartha ag ár bhfoireann atá deartha chun freastal ar riachtanais éagsúla na ngnólachtaí agus na bpobal ar a bhfreastalaímid.

Infheistíocht gnó

Soláthraíonn ár gCiste Infheistíochta Gnó infheistíocht chothromais agus airgeadas iasachta d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna) inár réigiún.

I mí Dheireadh Fómhair 2020, bhailigh Venari Medical, cuideachta feistí leighis nuálaíocha atá lonnaithe i nGaillimh, €4.5 milliún i maoiniú síl-chothromais chun dlús a chur le forbairt a ghléas úrnua BioVena™ le haghaidh cóireáil galair veiníre ainsealach, lena n-áirítear tacaíocht ó Chiste Infheistíochta an Iarthair.

TUILLEADH EOLAS FAOIN INFHEISTÍOCHT SEO ANSEO



Fiontraíocht Inbhuanaithe

Infheistíocht gnó

Tacaíonn ár gCiste lasachta Pobail le frontair shóisialta agus grúpaí pobail i Réigiún an Iarthair chun saol socheacnamaíoch a bpobal a fheabhsú.

Rugadh An Mheitheal Rothar - Ceardlann Rothar na Gaillimhe - ón smaoineamh gur féidir le daoine teacht le chéile i ngrúpa nó i gcomharchumann, ag cabhrú lena chéile mar pháirt de phobal.

D'eascair sé ó thús beag, le ceardlann amháin ar champas OÉ Gaillimh inar chabhraigh oibrithe deonacha le mic léinn a gcuid rothair a dheisiú, sean-innill a shábháil agus a scileanna meicniúla a chur ar aghaidh do dhaoine eile. Ó shin i leith, tá rath ollmhór tagtha ar An Meitheal Rothar – atá ina comharchumann go hoifigiúil.

TUILLEADH EOLAIS FAOIN INFHEISTÍOCHT PHOBAIL SEO ANSEO

Fiontraíocht Inbhuanaithe

Infheistíocht sna Tionscail Chruthaitheacha

Cuireann ár gciste Infheistíochta do na Thionscail Chruthaitheacha maoiniú ar fáil do thrádálaithe aonair, do chomhpháirtíochtaí, do ghnólachtaí, do chomharchumainn agus do ghrúpaí a oibríonn in earnáil na dtionscal cruthaitheach.

An Ciste Wrap

Bunaíodh Ciste Léiritheoirí Closamhairc Réigiún an Iarthair (Ciste WRAP) chun cabhrú le tógáil earnáil chlosamhairc an réigiúin. Is comhthionscnamh é idir Ionad Scannán na Gaillimhe agus an CFI, i gcomhar le húdaráis áitiúla sa Chlár, Dún na nGall, Cathair na Gaillimhe, Contae na Gaillimhe, Maigh Eo, Ros Comáin, Sligeach agus Údarás na Gaeltachta.

Tá an Ciste WRAP deartha chun infheistíocht straitéiseach a sholáthar a spreagann gníomhaíocht léiriúcháin réigiúnach ar fud na n-earnálacha scannán, drámaíochta teilifíse, beochana agus cluichíochta, chun tacú le tallann áitiúil, fostaíocht inbhuanaithe a chruthú, an bonneagar closamhairc a thógáil agus cur le cultúr agus teanga Réigiúin an Iarthair.

I mí Dheireadh Fómhair 2020 thacaigh an Ciste Wrap leis an scéinséir Éireannach Calm With Horses a rabhtas ag súil leis go fonnmhar. Cóirithe ón scéal le Colin Barrett as Maigh Eo agus stiúrtha ag Nick Rowland, i Calm With Horses, déanann Barry Keoghan páirt Dymrna Devers in éineacht le réaltaí atá ag teacht chun cinn - Niamh Algar agus Cosmo Jarvis i gcomhléiriú DMC Films/Element Pictures, le Michael Fassbender ar bord mar léiritheoir feidhmiúcháin.

Bhí a première ag an scannán, a bhfuil cáil na léirmheastóirí air agus a taifeadadh i gContae an Chláir agus i gCathair is Contae na Gaillimhe, ag Féile Idirnáisiúnta Scannán Toronto. [Tuilleadh eolais anseo.](#)

Fiontraíocht Inbhuanaithe

Ag Feabhsú Córais TF an CFI

Is tionscnamh trasfheidhmeach é an tionscadal seo idir Fiontraíocht Inbhuanaithe agus Seirbhísí Corparáideacha. In 2020 rinne an CFI dul chun cinn suntasach i dtreo ár straitéis TF Cloud-First a chur i gcrích. Laghdaigh an t-aistriú chuig Microsoft Teams ár spleáchas ar an mbonneagar fisiceach i dTeach Dillon, rud a chuir ar chumas na heagraíochta oibriú 100% go cianda den chuid is mó den bhliain. Tugadh isteach córais nua speansais, caidrimh daonna, agus rialachais corparáidí freisin. Rinneadh dul chun cinn maidir le córas bainistíochta airgeadais néalbhunaithe a thabhairt isteach don CFI. Bhí Brian McNally i gceannas ar thionscadal a raibh mar aidhm aige cinntiú go raibh an CFI ag cloí lena riachtanas tuairiscithe chuig an bPríomh-Chlár Creidmheasa.

Chuidigh earcaíocht Cáit Dunstan leis an dul chun cinn. Tá Cáit ag obair chun córais faisnéise nua a thabhairt isteach agus a chinntiú go mbaintear úsáid éifeachtach as na córais faisnéise atá ann faoi láthair laistigh den CFI. Is é a príomhfhócas in 2021 ná cinntiú go gcuirfear an Córas Bainistíochta Cistí beo, Smart Simple, ar fáil.

Earnálacha atá ag Teacht Chun Cinn

D'oibrigh an fhoireann fiontraíochta inbhuanaithe go dlúth le páirtithe leasmhara eile chun earnálacha atá ag teacht chun cinn a aithint a sholáthróidh buntáiste iomaíoch inbhuanaithe don iarthar. Tá scrúdú déanta ar an bpoitéinseal fáis atá i réimsí atá ann cheana féin ar nós teicneolaíocht leighis agus TF. Mar aon leis sin, tá réimsí nua piochta amach, amhail an soghluaisteacht, an bhithgheilleagar agus Cleantech. Sainaithníodh punann tionscadal chun an inniúlacht a fhorbairt sna réimsí seo, agus tá foinsí maoinithe á bhfiosrú. Tá seirbhísí bainistíochta don chlár curtha ar fáil ag an bhfoireann fiontraíochta inbhuanaithe do Phlean Fiontraíochta Réigiúnach an Iarthair, ag cinntiú go bhfuil na forais éagsúla atá dírithe ar fhorbairt réigiúnach, ailínithe. D'oibríomar go dlúth freisin le Plean Fiontraíochta Réigiúnach an Mheán-Iarthair chun acmhainn gaoithe chósta an Chláir a fhorbairt.

In 2021 déanfar tuilleadh oibre maidir leis an bpunann tionscadal a shainaithnítear a sheachadadh. Bainfidimid é seo amach in éineacht lenár gcomhpháirtithe sna gníomhaireachtaí eile agus sna pleananna fiontraíochta réigiúnacha.

Fiontraíocht Shóisialta

Tá Brian McNally i gceannas ar fhorbairt straitéise fiontraíochta sóisialta. Is feidhmeannach infheistíochta pobail é freisin. In 2020 d'eisíoc CFI iasachtaí de €1.2m do 18 dtionscadal agus fiontar pobail. Cheadaigh muid iasachtaí do roinnt fiontar sóisialta sa réigiún lena n-áirítear Campas Nuálaithe BIA, The Portershed, Obair agus An Mheitheal Rothar. Leanaimid ar aghaidh ag obair le roinnt comhpháirtithe réigiúnacha chun fiontraíocht shóisialta a chur chun cinn ar fud Réigiún an CFI. Tá ár Straitéis Fiontair Shóisialta á forbairt againn faoi láthair a leagfaidh amach plean 5 bliana maidir le conas a leanfaimid ar aghaidh ag tacú le fiontraíocht shóisialta sa réigiún. Tá roinnt tionscadal suaitheanta roghnaithe againn don réigiún a bhfuil deiseanna maoinithe agus comhpháirtíochtaí nua á bhfiosrú againn dóibh faoi láthair sa bhaile agus ar fud an AE.

Ráitis Airgeadais

Aidhm an Chórais Rialaithe Inmheánaigh

Tá an córas rialaithe inmheánaigh deartha chun riosca a bhainistiú chuig leibhéal gur féidir déileáil le rioscaí - leibhéal réasúnta - seachas deireadh a chur leo. Ní féidir leis an gcóras, mar sin, ach cinnteacht réasúnta a thabhairt go ndéantar sócmhainní a chosaint, idirbhearta a údarú agus a thaifeadadh i gceart agus go ndéantar earráidí nó neamhrialtachtaí ábhartha a chosc nó a aimsiú go tráthúil.

Bhí an córas rialaithe inmheánaigh, atá i gcomhréir le treoracha eisithe ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, i bhfeidhm sa CFI don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2020 agus suas go dtí dáta faofa na ráiteas airgeadais.

Inniúlacht chun Déileáil le Rioscaí

Tá Coiste Iniúchta agus Riosca (CIR) ag an CFI ar a bhfuil beirt chomhaltaí den Choimisiún agus beirt chomhaltaí seachtracha, a bhfuil saineolas airgeadais agus iniúchta acu, agus duine acu ina Chathaoirleach. Tháinig an CIR le chéile ceithre huaire in 2020.

Tá feidhm iniúchta inmheánaigh bunaithe ag an CFI freisin, a bhfuil dóthain acmhainní aici agus a chomhlíonann clár oibre a comhaontaíodh leis an CIR.

Tá beartas bainistíochta riosca forbartha ag an CIR a leagann amach an fonn riosca, na próisis bhainistíochta riosca atá i bhfeidhm agus a shonraíonn ról agus freagrachtaí na foirne maidir le rioscaí. Rinne Coimisiún CFI athbhreithniú ar an mbeartas ag a chruinniú i mí Dheireadh Fómhair 2019 agus ghlac sé leis. Eisíodh an Beartas chuig gach ball foirne a bhfuiltear ag súil go n-oibreoidh siad laistigh de bheartais bhainistíochta riosca an CFI, chun an lucht bainistíochta a chur ar an airdeall maidir le rioscaí atá ag teacht suas agus chun laigí a rialú, agus freagracht a ghlacadh as riosca agus rialuithe laistigh dá réimse oibre féin.

Creat Riosca agus Rialaithe

Tá próiseas bainistíochta riosca ag an CFI a chumasaíonn aithint agus measúnú rioscaí a d'fhéadfadh tionchar a bheith acu ar fheidhmíocht agus cuspóirí gnó, agus a chinntíonn go gcuirtear pleananna maolaithe cuí le chéile chun an riosca iarmharach a íoslaghdú.

Tá Clár Rioscaí i bhfeidhm a shainaithníonn na príomhrioscaí atá roimh an CFI agus aithnítear, meastar agus grádaítear iad seo de réir a dtábhacht. Is ordú seasta é an clár rioscaí ar chlár oibre an Choimisiúin agus an CIR agus déantar athbhreithniú air ag gach cruinniú. Úsáidtear toradh na measúnuithe seo chun acmhainní a phleanáil agus a leithdháileadh chun a chinntiú go ndéantar rioscaí a choinneáil ar leibhéal inghlactha. Sonraítear sa chlár rioscaí na rialuithe agus na gníomhartha is gá chun rioscaí a mhaolú agus freagracht as feidhmiú na rialuithe a shannadh do bhaill foirne ar leith. Is féidir leis an CFI a dheimhniú go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm ina bhfuil na heilimintí seo a leanas:

- Tá nósanna imeachta maidir le gach príomhphróiseas gnó doiciméadaithe.
- Tugadh freagrachtaí airgeadais ar an leibhéal bainistíochta agus tá cuntasacht chomhfhreagrach ann.
- Tá córas buiséadaithe cuí ann le buiséad bliantúil a choinnítear faoi athbhreithniú ag an mbainistíocht shinsearach.
- Tá córais ann atá dírithe ar shlándáil na gcóras teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide a bhuanú.
- Tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint.
- Cinntíonn nósanna imeachta rialaithe ar mhaoiniú do ghníomhaireachtaí seachtracha rialú leordhóthanach ar cheadú cistí agus monatóireacht agus athbhreithniú ar dheonaithe lena chinntiú go bhfuil cistí curtha i bhfeidhm don chuspóir atá beartaithe.

Monatóireacht agus Athbhreithniú Leanúnach

Tá nósanna imeachta foirmiúla aithnithe chun monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus cuirtear easnaimh rialaithe in iúl dóibh siúd atá freagrach as gníomh ceartaitheach a dhéanamh agus don bhainistíocht agus don Choimisiún, i gcás inarb ábhartha, go tráthúil. Is féidir leis an CFI a dhearbhu go bhfuil na córais leanúnacha monatóireachta seo a leanas i bhfeidhm: –

- Aithníodh príomhríoscaí agus rialuithe bainteacha leo agus cuireadh próisis i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar oibriú na bpríomhrialuithe sin agus chun aon easnaimh a aithnítear a thuairisciú.
- Tá socruithe tuairiscithe aithnithe ag gach leibhéal ina bhfuil freagracht as bainistíocht airgeadais ann.
- Déanann an bhainistíocht shinsearach athbhreithniú rialta ar thuarascálacha tréimhsiúla agus bliantúla feidhmíochta agus airgeadais, a léiríonn feidhmíocht i gcoinne buiséid/réamhaisnéisí.

Soláthar

Deimhníonn an Coimisiún go bhfuil Beartais Soláthair, Nósanna Imeachta agus Plean Soláthair forbartha agus curtha i bhfeidhm ag an CFI a shainordaíonn comhlíonadh chun ceanglais faoin gCreat Beartais Soláthair Phoiblí Náisiúnta a chomhlíonadh. Déanann WDC a dhícheall a chinntiú go gcloítear go hiomlán leis na nósanna imeachta soláthair lena n-áirítear bunachar sonraí conartha agus córas monatóireachta i bhfeidhm chun soláthar neamhchomhlíonta a thuairisciú.

Tá athbhreithniú seachtrach á lorg ag an CFI ar an bpróiseas soláthair agus patrúin caiteachais chun an próiseas a ailíniú le treoirlínte náisiúnta um sholáthar poiblí agus chun an ghníomhaíocht ceannaigh a chuíchóiriú trí chreataí soláthair a bhunú. Mar aon leis sin, tá oiliúint bhreise faighte don fhoireann.

Athbhreithniú ar Éifeachtacht

Deimhníonn an Coimisiún go bhfuil nósanna imeachta ag an CFI chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a bainistíochta riosca agus nósanna imeachta rialaithe. Tá monatóireacht agus athbhreithniú an CFI ar éifeachtacht an chórais um rialú inmheánach airgeadais bunaithe ar obair na n-iniúcháirí inmheánacha agus seachtracha, an CIR, a dhéanann maoirseacht ar a gcuid oibre, agus ar obair na bainistíochta sinsearaí laistigh den CFI atá freagrach as forbairt agus cothabháil na creat rialaithe airgeadais inmheánach.


Is féidir leis an CFI a dheimhniú go ndearna an Coimisiún athbhreithniú bliantúil ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha don bhliain 2020.

Saincheisteanna Rialaithe Inmheánaigh

Níor sainaithníodh aon laigí sa rialú inmheánach maidir le 2020 ar gá iad a nochtadh sna ráitis airgeadais. Chun an próiseas ceapacháin a dhéanamh, ní raibh aon Bhord ann idir Lúnasa – Samhain 2020.

Príomh-Chumasóirí Chun Ár Straitéis a Sheachadadh: Seirbhísí Corparáideacha

Struchtúr Eagraíochtúil



Ráiteas Airgeadais Iniúchta don bhlian dár chríoch 31st Nollaig 2020

Eolas faoi Choimisiún Forbartha an Iarthair	46
An Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil Bhaill an Choimisiúin	47
Tuarascáil an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste	64
An Ráiteas ar Rialú Inmheánach	70
An Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Coimeádta	74
An Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach	75
An Ráiteas ar an Staid Airgeadais	76
An Ráiteas ar Shreafaí Airgeadais	77
Nótaí leis na Ráitis Airgeadais	78

Coimisiún Forbartha an Iarthair Eolas

Bord nuacheaptha i Samhain 2020 agus Lúnasa 2021

Cathaoirleach: An tUasal Gerry Finn

Baill:	An tUasal Sandra Divilly Nolan, An tUasal Peter Hynes, An tUasal Aisling Meehan, An tUasal John Kelleher, An tUasal Christy Loftus, An tUasal Edmund Jennings	An tUasal Mary McKenna, An tUasal Audrey Crummy, An tUasal Mary Coyne, An tOllamh Mary Corcoran, An tUasal Henry McGarvey,
--------	--	--

Téarma na mBall den Bhord éagtha i Lúnasa 2020

Cathaoirleach: An Dr Deirdre Garvey

Baill:	An tUasal Ian Barrett, An tUasal Gerry Finn, An tUasal Mícheál Frain, An tUasal Christy Loftus, An tUasal Aueven O'Neill	An tUasal Henry McGarvey An tOllamh Mary Corcoran, An tUasal John Kelleher, An tUasal Yvonne Shields,
--------	--	--

Baincéisirí:	Banc na hÉireann Bainc-Aontas Éireann Banc KBC Banc Uladh	Bealach an Doirín, Contae Ros Comáin Bóthar Thuama, Gaillimh Sráid Sandwith, Baile Átha Cliath 2 33 An Fhaiche Mhór, Gaillimh
--------------	--	--

Iniúcháirí:	An tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste 3A Sráid an Mhéara Uachtarach Baile Átha Cliath 1
-------------	---

Aturnaetha:	Aturnaetha Byrne Wallace Aturnaetha Ronan Daly Jermyn Aturnaetha A&L Goodbody	88 Sráid Fhearchair, Baile Átha Cliath 1, D02 DK18 Teach Aonghusa, Sráid na nDuganna, Gaillimh IFSC, Cé an Phoirt Thuaidh Baile Átha Cliath 1, D01 H104
-------------	---	--

An Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil Bhail an Choimisiúin 2020

Rialachas

Bunaíodh Bord (dá dtagraítear anseo baill an Choimisiúin) Choimisiún Forbartha an Iarthair (CFI) faoin Acht um Choimisiún Forbartha an Iarthair, 1998 mar atá leagtha amach in Alt 9 den Acht seo. Tá baill den Bhord cuntasach leis an Aire Forbartha Tuaithe agus Pobail agus Oileán agus tá siad freagrach as dea-rialachas a chinntiú agus tugann sé faoin tasc seo trí chuspóirí agus spriocanna straitéiseacha a leagan amach agus cinntí straitéiseacha a dhéanamh faoi na príomh-shaincheistean na gnó go léir. Tá an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin (an POF) agus an fhoireann bhainistíochta sinsearaí freagrach as bainistíocht, rialú agus treorú rialta laethúil CFI. Caithfidh an POF agus an fhoireann bhainistíochta sinsearaí an treorú straitéiseach foireann a thugann baill an Choimisiúin a leanúint, agus caithfidh siad a chinntiú go mbíonn tuiscint shoiléir ag baill an Choimisiúin go léir ar na príomhghníomhaíochtaí agus na príomhchinntí a bhaineann leis an aonán, agus le haon rioscaí suntasacha is dóchúil a thiocfaidh aníos. Gníomhaíonn an POF mar idirchaidreamh díreach idir an Coimisiún agus bainistíocht CFI.

Freagrachtaí Bhail an Choimisiúin

Tá baill an Choimisiúin, i dteannta a chéile, freagrach as maoirseacht a dhéanamh ar Choimisiún Forbartha an Iarthair agus inbhuanaitheacht an Choimisiúin a chinntiú. Déantar cinntí i ndiaidh eolas cuí a bheith curtha ar fáil do bhaill an Choimisiúin agus aird chuí a thabhairt ar na rioscaí aitheanta tríd an bpróiseas bainistíochta riosca. Tá sceideal forchoimeáda nithe nach mór cinneadh a dhéanamh fúthu, lena n-áirítear:

- dearbhú leasanna
- tuarascálacha ó choistí
- tuarascálacha airgeadais/tuarascálacha bainistíochta
- tuarascálacha feidhmíochta, agus
- ceistean na forchoimeáda

Tá obair an Chathaoirligh agus bhaill an Choimisiúin á treorú go tréan ag prionsabail an Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú 2016.

Ceanglaítear in Alt 22(1) d'Acht Choimisiún Forbartha an Iarthair, 1998 ar bhaill an Choimisiúin gach cuntas cuí agus rialta a choimeád ar airgead a fuair sé nó a chaith sé i cibé foirm agus maidir leis na tréimhsí cuntasaíochta sin a fhaomhfaidh an tAire, le toiliú an Aire Airgeadais.

Agus na ráitis airgeadais seo á n-ullmhú, ceanglaítear ar bhaill an Choimisiúin an méid seo a leanas a dhéanamh:

- Beartais chuntasaíochta oiriúnacha a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach.
- A chinntiú go mbíonn aon bhreithiúnais agus meastacháin a dhéantar réasúnta agus stuama.
- A lua cibé acu ar cloíodh nó nár cloíodh le caighdeáin infheidhme chuntasaíochta, faoi réir aon imeachtaí ábhartha a nochtar agus a mhínítear sna ráitis airgeadais.
- A chinntiú go dtugtar sna ráitis airgeadais léiriú fíor agus cóir ar fheidhmíocht airgeadais agus staid airgeadais CFI ag deireadh na bliana.
- Na ráitis airgeadais a réiteach ar bhonn gnóthas leantach, mura cuí a mheas go leanfaidh an Coimisiún de bheith ag oibriú.

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais ar bhonn gnóthas leantach a ghlacann leis go leanfaidh an Coimisiún ag oibriú leis don todhchaí intuartha. Braitheann bailíocht na toimhde seo, ar nós go leor comhlachtaí san earnáil phoiblí, ar chumas an Choimisiúin tacaíocht leanúnach airgeadais agus oibríochtúil eile a fháil óna pháirtithe leasmhara, an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail, creidiúnaithe trádála, bainc agus na Coimisinéirí loncaim san áireamh, i rith phaindéim COVID-19, faoi mar a dtugtar cuntas air i Nóta 18 leis na ráitis airgeadais. D'ullmhaigh

an Coimisiún réamh-mheastacháin sreabhaidh airgid don chéad tréimhse dhá mhí dhéag amach romhainn a thugann le fios gurb ann do shreafaí airgid leordhóthanacha i dteannta na mbuntoimhdí atá iontu.

Dá réir, rinneadh breithniú ar an tionchar a imríonn COVID-19 ar Infheistíochtaí CFI fad a bhí an measúnú luachála, na buiséid agus na réamh-mheastacháin ar shreabhadh airgid á ndéanamh. Tá an Coimisiún sásta, bunaithe ar na bearta seo, go leanfar leis an tacaíocht airgeadais agus oibríochtúil eile a theastaíonn a chur ar fáil agus creideann sé gur cuí, ar an ábhar sin, na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthas leantach.

Tá baill an Choimisiúin freagrach as leabhair chuntais leordhóthanacha a choimeád ina nochtar, le cruinneas réasúnta ag tráth ar bith, a sheasamh airgeadais agus a chuireann ar a chumas cinnte a dhéanamh de go gcomhlíonann na ráitis airgeadais Alt 22(1) d'Acht Choimisiún Forbartha an Iarthair, 1998. Tá baill an Choimisiúin freagrach as coimeád agus iomláine an eolais chorparáidigh agus airgeadais ar láithreán gréasáin CFI.

Tá baill an Choimisiúin freagrach as an tuarascáil bhliantúil agus an buiséad a fhaomhadh. Tugtar faoi mheastóireacht ar fheidhmíocht CFI trí thagairt a dhéanamh don tuarascáil bhliantúil agus an buiséad ar bhonn míosúil agus ráithiúil ag cruinnithe an Choimisiúin.

Tá baill an Choimisiúin freagrach, chomh maith, as a shócmhainní a chosaint agus, dá bhrí sin, as dul i mbun bearta réasúnta chun cosc a chur ar chalaois agus ar neamhrialtachtaí eile nó iad a bhrath.

Measann baill an Choimisiúin go dtugtar i ráitis airgeadais CFI léiriú fíor agus cóir ar fheidhmíocht airgeadais agus ar staid airgeadais CFI an 31 Nollaig 2020.

An Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil Bhaill an Choimisiúin 2020

Struchtúr an Choimisiúin

Tá baill an Choimisiúin sásta go bhfuil a baill saor ó aon ghnó nó caidreamh eile a d'fhéadfadh tionchar ábhartha a imirt ar, nó a bhféadfadh gur dhóchúil go n-imreoidís tionchar ábhartha ar, fheidhmiú a mbreithiúnais neamhspleách.

Déanann gach ball den Choimisiún aon leas a nochtadh agus ní bhíonn siad i láthair nuair a bhíonn plé agus cinntí á ndéanamh ag an gCoimisiún nuair nach mbíonn siad ar aon intinn faoi rud éigin nó nuair a bhíonn leas díreach nó indíreach acu, faoi mar a cheanglaítear sa Chód Cleachtais.

Tugtar sonraí faoi bhallraíocht agus téarmaí oifige an Choimisiúin thíos:

Tagairt	Ainm	Ról	Dáta ceaptha	Dáta éagtha an téarma reatha
1	Gerry Finn	Cathaoirleach	Lúnasa 2017*	Samhain 2023
2	Sandra Divilly Nolan	Gnáthbhall	Samhain 2020	Samhain 2023
3	Mary McKenna	Gnáthbhall	Samhain 2020	Samhain 2023
4	Peter Hynes	Gnáthbhall	Samhain 2020	Samhain 2023
5	Audrey Crummey	Gnáthbhall	Samhain 2020	Samhain 2023
6	Aisling Meehan	Gnáthbhall	Samhain 2020	Samhain 2023
7	Mary Coyne	Gnáthbhall	Samhain 2020	Samhain 2023
8	An tOllamh Mary Corcoran	Gnáthbhall	Lúnasa 2017*	Samhain 2023
9	Christy Loftus	Gnáthbhall	Lúnasa 2017*	Samhain 2023
10	John Kelleher	Gnáthbhall	Lúnasa 2017*	Samhain 2023
11	Henry McGarvey	Gnáthbhall	Lúnasa 2017*	Samhain 2023
12	Edmund Jennings	Gnáthbhall	Lúnasa 2018	Lúnasa 2024 ****
13	An Dr Deirdre Garvey	Cathaoirleach***	Lúnasa 2017	Lúnasa 2020**
14	Ian Barrett	Gnáthbhall	Lúnasa 2017	Lúnasa 2020**
15	Micheál Frain	Gnáthbhall	Lúnasa 2017	Lúnasa 2020**
16	Yvonne Shields	Gnáthbhall	Lúnasa 2017	Lúnasa 2020**
17	Auveen O'Neill	Gnáthbhall	Lúnasa 2017	Lúnasa 2020**

* Athcheaptha mar Bhaill an Choimisiúin i Samhain 2020.

** Téarma éagtha mar Bhaill an Choimisiúin i Lúnasa 2020.

*** Téarma mar Chathaoirleach éagtha i Lúnasa 2020.

**** Athcheaptha mar Bhaill an Choimisiúin i Lúnasa 2021.

An Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil Bhaill an Choimisiúin 2020

Bhunaigh baill an Choimisiúin dhá choiste, na coistí seo a leanas ina measc:

1. An Coiste Iniúchóireachta agus Riosca (an CIR)

Tacaíonn an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca (an CIR) le baill an Choimisiúin lena bhfreagrachtaí as saincheisteanna a bhaineann le riosca, rialú agus rialachas trí athbhreithniú a dhéanamh ar chuimsitheacht dearbhuíthe a bhaineann le riachtanais dearbhuíthe bhaill an Choimisiúin a chomhlíonadh agus athbhreithniú a dhéanamh ar iontaofacht agus ar shláine na ndearbhuithe seo.

Déanann an CIR tuairisciú foirmiúil le baill an Choimisiúin agus an t-eolas sin nó an chomhairle sin á soláthar, faoi mar a mheastar is cuí, trí ghnáth-thuarascálacha Chathaoirleach an an CIR le baill an Choimisiúin faoi ghníomhaíochtaí, saincheisteanna agus moltaí gaolmhara an Choiste. Soláthraíonn an CIR Tuarascáil Bhliantúil do bhaill an Choimisiúin, ag an tráth sin atá ceaptha tacú le cur i gcrích na Tuarascála Bliantúla agus na Ráiteas Airgeadais, agus ina dtugtar achoimre ar a thátail ón obair faoinar tugadh i rith na bliana.

I measc bhaill Choiste an CIR an 31 Nollaig 2020, bhí:

Kevin Moore (Cathaoirleach agus Ball Seachtrach)
An tOllamh Mary Corcoran (Ball den Choimisiún)
Audrey Crummy (Ball den Choimisiún)
Mary Coyne (Ball den Choimisiún)

2. An Painéal Comhairleach Cistí (an PCC)

Is é ról an PCC meastóireacht a dhéanamh ar iarratais a dhéantar le Ciste Infheistíochta an Iarthair (CII) agus cinntí a mholadh faoi infheistíocht tráchtála atá dírithe ar bhrabús a dhéanamh do bhaill an Choimisiúin. Cabhraíonn an PCC aird a tharraingt ar CII agus cabhrú le sreabhadh margaí ar ardchaighdeán a fhorbairt agus cúnamh a thabhairt le hoibriú éifeachtach CII.

I measc bhaill an PCC an 31 Nollaig 2020, bhí:

Gerry Finn (Cathaoirleach agus Ball den Choimisiún)

John Allen (Ball Seachtrach)

Joann Hosey (Ball Seachtrach)

Mary McKenna (Ball den Choimisiún)

Edmund Jennings (Ball den Choimisiún)

Felim McNeela (Ball Seachtrach)

An Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil Bhaill an Choimisiúin 2020

Sceideal Freastail, Táillí agus Costas Bhaill an Choimisiúin

Leagtar amach thíos sceideal freastail ar Chruinnithe an Choimisiúin agus an Choiste don bhliain 2020, na táillí agus na costais a fuair gach ball ina measc.

-	Ballraíocht	Cruinniú Boird 7	An CIR 3	An PCC 7	An ÉBCF	2020 Táillí	Costais 2020
Bord							
Gerry Finn (Cathaoirleach)	Athcheaptha i Samhain 2020, Ceaptha leis an PCC i Samhain 2020	7 de 7	2 de 2	1 de 1	-	€4,964	€152.47
Henry McGarvey	Athcheaptha i Samhain 2020	6 de 7	-	-	-	Náid	Náid
An tOllamh Mary Corcoran	Athcheaptha i Samhain 2020	5 de 7	3 de 3	-	-	Náid	€359.59
John Kelleher	Athcheaptha i Samhain 2020	6 de 7	-	-	-	Náid	Náid
Christy Loftus	Athcheaptha i Samhain 2020	7 de 7	-	-	-	€4,560	€83.31
Edmund Jennings	Athcheaptha i Lúnasa 2021, Ceaptha leis an PCC i Samhain 2020	7 de 7	-	1 de 1	-	€5,985	Náid
Mary McKenna	Ceaptha i Samhain 2020, Ceaptha leis an PCC i Samhain 2020	2 de 2	-	1 de 1	-	€808	Náid
Sandra Divilly Nolan	Ceaptha i Samhain 2020	2 de 2	-	-	-	Náid	Náid
Mary Coyne	Ceaptha i Samhain 2020, Ceaptha leis an PCC i Samhain 2020	2 de 2	1 de 1	-	-	€808	Náid
Audrey Crummy	Ceaptha i Samhain 2020, Ceaptha leis an PCC i Samhain 2020	2 de 2	1 de 1	-	-	€808	Náid
Aisling Meehan	Ceaptha i Samhain 2020	2 de 2	-	-	-	€808	Náid
Peter Hynes	Ceaptha i Samhain 2020	2 de 2	-	-	-	€808	Náid
An Dr Deirdre Garvey	Téarma éagtha mar Chathaoirleach i Lúnasa 2020	5 de 5	-	6 de 6	-	Náid	€313.54
Ian Barrett	Téarma éagtha i Lúnasa 2020	5 de 5	2 de 2	-	-	€3,753	€202.45
Mícheál Frain	Téarma éagtha i Lúnasa 2020	4 de 5	-	5 de 6	-	€3,753	Náid
Yvonne Shields	Téarma éagtha i Lúnasa 2020	5 de 5	-	-	-	Náid	Náid
Auveen O'Neill **	Téarma éagtha i Lúnasa 2020	5 de 5	-	5 de 6	-	€3,753	€69.87

An Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil Bhaill an Choimisiúin 2020

Baill Sheachtracha							
Bernard O'Hara	Téarma éagtha i nDeireadh Fómhair 2020 Ceaptha ina Chathaoirleach i Samhain 2020	-	1 de 2	-	-	-	Náid
Kevin Moore	Éirthe as i Márta 2020	-	3 de 3	-	-	-	€206.68
John Dillon	-	-	-	2 de 2	-	-	€192.50
John Allen	-	-	-	5 de 7	-	-	€68.98
Joan Hosey	-	-	-	5 de 7	-	-	Náid
Felim McNeela	-	-	-	7 de 7	-	-	€89.58
Iomlán						€30,808	€1,738.97

Athruithe ar an bPríomhphearsanra

Níor tháinig aon athruithe ar an bpríomhphearsanra in 2020.

Nochtadh a cheanglaítear sa Chód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016)

Tá baill an Choimisiúin freagrach as a chinntiú gur chomhlíon CFI riachtanais an Chóid Chleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú ("an Cód"), amhail a d'fhoilsigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i Lúnasa 2016. Ceanglaítear sa Chód an nochtadh seo a leanas a dhéanamh:

Miondealú ar Shochair Ghearrthéarmacha Fostaí

Déantar sochair ghearrthéarmacha fostaithe a sháraíonn €60,000 a chatagóiriú sna bandaí seo a leanas:

Banda Tuarastail (€) 2020	Líon Foirne	Banda Tuarastail (€) 2019	Líon Foirne
60,000 – 70,000	6	60,000 – 70,000	6
70,000 – 79,000	-	70,000 – 79,000	-
80,000 – 89,000	-	80,000 – 89,000	-
90,000 – 99,000	3	90,000 – 99,000	3

Nóta: Ar mhaithe leis an nochtadh seo, áirítear le sochair ghearrthéarmacha fostaithe maidir le seirbhísí a cuireadh ar fáil i rith na tréimhse tuairiscithe, tuarastal, liúntais ragoibre agus íocaíochtaí eile a rinneadh thar ceann an fhostaí, ach ní áirítear ÁSPC fostóra leo.

An Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil Bhaill an Choimisiúin 2020

Costais Sainchomhairleoireachta:

Áirítear le costais sainchomhairleoireachta an costas a bhíonn ar chomhairle sheachtrach a chur ar an mbainistíocht agus ní áirítear feidhmeanna 'gnó mar is gnách' a seachfhoinsíodh leo.

	2020	2019
Comhairle Dlí	€6,150	€19,082
Comhairle Airgeadais/Achtúireach	€ 4,780	€2,657
Caidreamh Poiblí/Margaíocht	€58,962	€58,730
Acmhainní Daonna	€11,100	€15,764
Costais Sainchomhairleoireachta iomlána	€80,992	€96,233

Costais agus Socraíochtaí Dlí

Tugtar sa tábla thíos miondealú ar shuimeanna a aithnítear mar chaiteachas sa tréimhse thuairiscithe maidir le costais dlí, socraíochtaí agus idir-réiteach agus imeachtaí eadrána a bhaineann le conarthaí le tríú páirtithe. Ní áirítear leis seo caiteachas a tabhaíodh maidir le comhairle dlí a fuair CFI, a nochtar in Costais Sainchomhairleoireachta thuas.

	2020	2019
Táillí Dlí – Imeachtaí Dlíthiúla	0	0
Íocaíochtaí Idir-Réitigh agus Eadrána	0	0
Socraíocht	0	0
Costais agus Socraíochtaí Dlí iomlána	0	0

An Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil Bhaill an Choimisiúin 2020

Caiteachas Taistil agus Cothabhála

Áirítear leis an Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Coimeádta an caiteachas seo a leanas ar fháilteachas:

	2020	2019
Intíre:		
• Baill an Choimisiúin	€1,181	€17,909
• Fostaithe	€26,259	€96,443
Idirnáisiúnta		
• Baill an Choimisiúin	0	0
• Fostaithe	€5,945	€29,741
Costais Taistil agus Chothabhála iomlána	€33,385	€144,093

Caiteachas ar Fháilteachas

Áirítear leis an Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Coimeádta an caiteachas seo a leanas ar fháilteachas:

	2019	2018
Fáilteachas Foirne	€732	€409
Fáilteachas Cliant	€1,710	€52
Costais Fáilteachais iomlána	€2,442	€461

Mar chuid den mhaoirseacht leanúnach a dhéanann baill an Choimisiúin ar an timpeallacht rialaithe in CFI, tugann an Fhoireann Bainistíochta Sinsearaí dearbhuithe rialála dóibh maidir leis an timpeallacht dhlíthiúil agus rialála faoi mar a bhaineann sé le comhlachtaí poiblí, an méid seo a leanas ina measc:

Idirbhearta Lasmuigh den Chlár Comhardaithe

Ní raibh aon idirbhearta lasmuigh den chlár comhardaithe idir dáta an chláir chomhardaithe agus dáta faofa na ráiteas airgeadais.

Acmhainní Daonna

Lean an eagraíocht lena tiomantas do chlár nuachóirithe na hearnála poiblí agus le Comhaontuithe Bhóthar Haddington agus Bhóthar Lansdún a chur chun feidhme.

Cúram Custaiméirí

Tá CFI tiomanta do sheirbhís ghairmiúil, éifeachtúil agus chúirtéiseach a sholáthar dá chustaiméirí de réir Chairt Chustaiméirí CFI agus Phrionsabail na Seirbhíse Ardchaighdeáin do Chustaiméirí. Tá cóip de Ráiteas Custaiméirí CRI ar fáil ar www.westerndevelopment.ie

Cumarsáid

Déantar láithreán gréasáin CFI a nuashonrú go rialta agus coinnítear cliaint ar an eolas faoi obair na heagraíochta trí phreasráitis, foilseacháin agus aighneachtaí a chuirtear in airde ar www.westerndevelopment.ie

Ní dhearnadh aon ghearáin a rinne custaiméirí a thabhairt le fios ná a chur i gcuntas in 2020.

Na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise, 2014

Foráiltear san Acht um Shaoráil Faisnéise, 2014 (SF) go bhfuil an ceart ag gach duine, faoi réir díolúintí áirithe a shonraítear san Acht, i leith an mhéid seo a leanas:

- Teacht ar thaifid oifigiúla atá á gcoimeád ag Ranna Rialtais agus gach comhlacht poiblí a chomhlíonann forálacha Alt 6 den Acht.
- Go gceartófar eolas pearsanta atá á coimeád fúthu nó go nuashonraítear é, sa chás go bhfuil an t-eolas sin neamhiomlán, mícheart nó míthreorach.
- Cúiseanna a fháil a bhí le cinntí a rinne comhlachtaí poiblí a imríonn tionchar orthu.

Fuarthas trí iarraidh SF in 2020 agus déileáladh le gach iarraidh laistigh den amfhráma reachtúil.

An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005

I gcomhréir leis an Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005, chuir CFI nósanna imeachta i bhfeidhm chun forálacha an Achta a chomhlíonadh agus d'ullmhaigh sé ráiteas sábháilteachta ina gcuimsítear gach gné a dhéanann difear do leas foirne agus cuairteoirí.

Níor tháinig aon timpistí intuairiscithe aníos in 2020.

Íoc Pras Cuntas

Rialaíonn an tAcht um Íoc Pras Cuntas, 1997 arna leasú ag Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Íocaíocht Dhéanach in Idirbhearta Tráchtála), 2012 na sonraisc a íocann CFI. Foráiltear sna rialacháin, a bhfuil an fheidhm chéanna acu san earnáil phoiblí agus phríobháideach, do theidlíocht uathoibríoch d'ús agus do chúiteamh má dhéantar íocaíocht le haghaidh idirbhearta tráchtála go déanach (i ndiaidh 30 lá ón dáta faighte). Is é beartas CFI a chinntiú go n-íoctar gach sonrasc go pras agus go bhfuil gach iarracht á déanamh, ar aon

dul le nósanna imeachta airgeadais cuí, a chinntiú go n-íoctar gach soláthraí laistigh den amfhráma seo.

Íoc Pras le Soláthraithe

Tá CFI tiomanta dá chuid oibleagáidí a chomhlíonadh faoin Rial Íoc Pras 15 lá, a tháinig i bhfeidhm an 1 Iúil 2011. Cinntíonn an fhoráil seo go ndéanfar íocaíochtaí le soláthraithe, i gcás gach sonrasc bailí a fhaightear, laistigh de 15 lá féilire. Tuairiscíonn CFI go ráithiúil ar chur chun feidhme na Rialach Íoc Pras 15 lá.

Is féidir breathnú ar thorthaí Íoc Pras le haghaidh 2018 ag an nasc seo a leanas: westerndevelopment.ie/about/prompt-payments

An tAcht um Eitic in Oifig Poiblí, 1995

Cuimsíodh CFI laistigh de raon feidhme na Rialachán um Eitic in Oifigí Poiblí (Comhlachtaí Poiblí Forordaithe, Stiúrthóireachtaí Ainmnithe de Chomhlachtaí Poiblí agus Poist Ainmnithe i gComhlachtaí Poiblí), 2004 (I.R. Uimh. 699 de 2004) le héifeacht ón 1 Eanáir, 2005. Chuir baill Choimisiúin CFI ráitis leasa faoi bhráid an rúnaí in 2020, agus cuireadh cóipeanna faoi bhráid Rúnaí an Choimisiúin, an Coimisiún um Chaighdeán in Oifigí Poiblí.

An Rialachán Ginearálta um Chosaint Sonraí (an RGCS), 2018

Tá CFI tiomanta do shláine agus do chosaint na faisnéise pearsanta a phróiseálann sé, agus do chur chuige comhlíontach agus comhsheasmhach maidir le cosaint sonraí a sholáthar. Bhí clár cosanta sonraí láidir agus éifeachtach i bhfeidhm riamh anall, clár a bhfuil an dlí reatha á chomhlíonadh aige agus a chloíonn leis na prionsabail chosanta sonraí. Tuigeann CFI, áfach, na hoibleagáidí maidir le nuashonrú agus leathnú an chláir seo chun éilimh an chórais nua RGCS ón 25ú Bealtaine 2018 a chomhlíonadh. Mar fhreagairt air seo, d'fhorbair CFI Beartas agus Treoirlínte an RGCS a bhfuil sé mar aidhm leo cabhrú le fostaithe CFI tacú le Beartas um Chosaint Sonraí na heagraíochta ina sonraítear a thiomantas do chearta

príobháideachais daoine aonair a chosaint de réir na reachtaíochta. Leagtar amach sna treoirlínte seo na réimsí oibre ina dtagann saincheisteanna cosanta sonraí chun solais agus déantar cur síos iontu ar an gcleachtas is fearr chun déileáil leis na saincheisteanna seo.

Ní dhearnadh aon iarrataí ar eolas faoin Acht um Chosaint Sonraí in 2020.

An tAcht um Nochtadh Cosanta, 2014

Tá Beartas um Nochtadh Cosanta i bhfeidhm ag CFI ina dtugtar cuntas soiléir ar na nósanna imeachta atá i bhfeidhm chun nochtadh cosanta a dhéanamh i gcomhréir leis an Acht um Nochtadh Cosanta, 2014.

Ní dhearnadh aon nochtadh cosanta le CFI in 2020.

Na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta, 1998 agus 2004

Tá CFI tiomanta do bheartas comhdheiseanna agus glacann sé cur chuige réamhghníomhach i leith an chomhionannais san eagraíocht. Tá roinnt scéimeanna á n-oibriú ag CFI a thugann roghanna don fhoireann maidir le freastal ar a riachtanais ghairme agus phearsanta, ar nós comhroinnt post, saoire staidéir, saoire thuismitheoireachta agus clár oideachais.

Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003

Tagann CFI faoi shainchúram Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003, a síníodh sa dlí an 14 Iúil 2003, chun creat reachtúil do sheirbhísí a sholáthar trí Ghaeilge. I gcomhréir le hAlt 10 den Acht, foilsítear an Tuarascáil Bhliantúil agus Ráitis Airgeadais i nGaeilge agus i mBéarla.

Cód Iompair

- Tá an Cód Iompair á chomhlíonadh agus sínithe ag gach ball den Choimisiún.
- Faoi Acht um Chaighdeán in Oifigí Poiblí 2001, tá a Ráitis Leasanna don bhliain roimhe seo curtha ar fáil ag gach ball den Choimisiún/fostaí de chuid CFI ábhartha.
- I gcomhréir leis an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016) tá ar gach ball den Choimisiún Ceistneoir Féinmheasúnaithe Boird a fhreagairt. Mar gheall ar an moill a bhí ar Bhord nua a cheapadh, cuireadh Ceistneoir Féinmheasúnaithe an Bhoird ar athlá go dtí an bhliain 2021. Chuathas i ngleic le gníomhartha a eascraíonn as Ceistneoir Féinmheasúnaithe an Bhoird i mí na Nollag 2019 in 2020.

Treoirlínte Pá an Rialtais

- Cloíonn CFI le Treoirlínte Pá an Rialtais agus le socruithe na Roinne Forbartha Tuaithe agus Pobail maidir le luach saothair an Phríomhfheidhmeannaigh agus na bhfostaithe.
- Cloítear le híocaíocht tháillí agus chostais bhaill agus Chathaoirleach an Choimisiúin i ndáil leis na socruithe atá leagtha amach i dtreoirlínte an Rialtais agus inár máthair-roinn.
- Tá sonraí maidir leis an luach saothair agus táillí/costais thuas le fáil sa Tuarascáil Bhliantúil agus sna Ráitis Airgeadais.

Cód Caiteachais Phoiblí

Tá cur chuige comhsheasmhach ag CFI maidir le ceanglais an Chóid Caiteachais Phoiblí. Sonraítear na príomhghnéithe um chur chun cinn a bhuntacaíonn leis an gcur chuige sa Phlean Soláthair:

- Cur le coigilteas éifeachtúlachta pleanáilte a dhírítear a bhaint amach sna Blianta Airgeadais amach romhainn.
- Tacú le tionscnaimh an Aonaid Náisiúnta Bheartais Soláthair.
- A chinntiú go bhfuil luach ar airgead á bhaint amach.
- Cabhrú le cuspóirí straitéiseacha CFI a chomhlíonadh.
- Rialú agus maoirseacht a léiriú i ndáil le húsáid cistí poiblí.

Comhlíonadh Cánach

Is féidir liom a dheimhniú gur chomhlíon CFI na dlíthe cánach cuí agus a oibleagáidí cánach go hiomlán in 2020. Níor tugadh aon saincheist le fios.

Taisteal agus Cothú

Rinneadh gach íocaíocht as taisteal agus cothú a rinneadh le baill Choimisiúin, baill choiste, POF agus foireann CFI ar aon dul le ciorcláin na Roinne Airgeadais a rialaíonn taisteal agus cothú.

Tá Beartas agus Nósanna Imeachta CFI maidir le Taisteal agus Cothú cothrom le dáta agus léirítear iontu na rátaí reatha agus tá an fhoireann go léir ar an eolas ar a bhfreagrachtaí faoin mbeartas. Tá CFI airdeallach ar an ngá atá le barainneacht agus éifeachtúlacht a bhaint amach i ndáil le caiteachas ar thaisteal agus, de réir an Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016), déantar anailís ar na costais iomlána a tabhaíodh i ndáil le taisteal agus cothú don eagraíocht idir taisteal náisiúnta agus idirnáisiúnta. Tugadh bogearraí taistil agus cothaithe ar líne isteach in 2020.

Reachtaíocht eile a Chomhlíonadh:

Comhlíonann CFI rialachas corparáideach agus oibleagáidí eile, an méid seo a leanas ina measc:

- An tAcht um Eitic in Oifig Poiblí, 2001
- An tAcht um Míchumas, 2005
- An tAcht um Brústocaireacht a Rialáil, 2015

Ráiteas Comhlíonta:

Tá riachtanais an Chóid Chleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú 2016, faoi mar a d'fhoilsigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, comhlíonta ag CFI. Chuathas i ngleic le limistéir neamhchomhlíonta i rith 2020 a sainaithníodh trí Chód Rialachais a fhorbairt a fhorbairt in 2019 chun go mbaineann CFI comhlíonadh iomlán amach. Tá baill an Choimisiúin sásta leis an leibhéal comhlíonta maidir leis an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú 2016 ag deireadh na bliana, an 31 Nollaig 2020.

ba cheart a thabhairt faoi deara, áfach, nach raibh Coiste Iniúchóireachta agus Riosca i bhfeidhm ag CFI ó Lúnasa 2020 go dtí Samhain 2020 (4 mhí) agus níor thit ach 3 de na 4 chruinniú riachtanacha den Choiste Iniúchóireachta agus Riosca amach in 2020 dá bharr. Mar gheall go raibh moill ar Bhord a cheapadh, ní fhéadfaí aon Chathaoirleach a cheapadh leis an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca go dtí Samhain 2020.

Thar ceann bhaill an Choimisiúin



Gerry Finn
Cathaoirleach
08.12.2021

Tuarascáil an Ard Reachtair Cuntas agus Ciste

Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais Coimisiún Forbartha an Iarthair.

Tuairim faoi na ráitis airgeadais

Tá iniúchadh déanta agam ar ráitis airgeadais Choimisiún Forbartha an Iarthair don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2020 faoi mar a cheanglaítear faoi fhorálacha Alt 22 den Acht um Choimisiún Forbartha an Iarthair, 1998. Cuimsítear sna ráitis airgeadais

- an ráiteas ar ioncam agus caiteachas agus cúlchistí coimeádta
- an ráiteas ar ioncam cuimsitheach
- an ráiteas ar an staid airgeadais
- an ráiteas ar shreafaí airgid, agus
- na Nótaí Gaolmhara, Achoimre ina measc ar Bheartais Shuntasacha Chuntasáochta.

I mo thuairim, tugtar sna ráitis airgeadais léiriú fíor agus cóir ar shócmhainní, dliteanais agus staid airgeadais Choimisiún Forbartha an Iarthair an 31 Nollaig 2020 agus ar a ioncam agus caiteachas don bhliain 2020 i gcomhréir leis an gCaighdeán um Thuairisciú Airgeadais (FRS) 102 – an Caighdeán um Thuairisciú Airgeadais atá infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann.

Bunús na tuairime

Thug mé faoi m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht (CIIanna) faoi mar a d'fhógair an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta. Déantar cur síos ar m'fhreagrachtaí faoi na caighdeáin siúd san aguisín leis an tuarascáil seo. Tá mé neamhspleách ó Choimisiún Forbartha an Iarthair agus chomhlíon mé mo chuid freagrachtaí eiticiúla eile i gcomhréir leis na caighdeáin.

Creidim gur leor agus gur cuí an fhianaise iniúchóireachta a fuair mé chun bunús a sholáthar do mo thuairim.

**Tuairisciú ar fhaisnéis eile seachas na ráitis airgeadais,
agus ar cheisteanna eile**

Chuir Coimisiún Forbartha an Iarthair faisnéis áirithe eile i láthair, sa mhullach ar na ráitis airgeadais. Cuimsítear ann seo an tuarascáil bhliantúil, an ráiteas rialachais agus tuarascáil chomhaltaí an Bhoird agus an ráiteas ar rialú inmheánach. Déantar cur síos ar m'fhreagrachtaí chun tuairisciú a dhéanamh maidir leis an bhfaisnéis siúd, agus ar cheisteanna áirithe eile ar a dtuairiscím mar eisceacht, san aguisín leis an tuarascáil seo.

Níl aon rud le tabhairt le fios agam ina leith sin.



Andrew Harkness

Le haghaidh agus thar ceann an Ard-Reachtair Cuntas
agus Ciste an 9 Nollaig 2021

Freagrachtaí Bhaill an Choimisiúin

Faoi mar a shonraítear sa ráiteas rialachais agus i dtuarascáil bhaill an Choimisiúin, tá baill an Choimisiúin freagrach as

- ullmhú na ráiteas airgeadais san fhoirm a fhorordaítear faoi Alt 22 den Acht um Choimisiún Forbartha an Iarthair, 1998
- a chinntiú go dtugtar sna ráitis airgeadais léiriú fíor agus cóir i gcomhréir le FRS102
- rialtacht na n-idirbheart a chinntiú
- measúnú a dhéanamh ar cé acu an bhfuil nó nach bhfuil úsáid an ghnóthais leantaigh chuntasaíochta cuí, agus
- an rialú inmheánach sin a dheimhníonn siad is gá lena chumasú ráitis airgeadais a ullmhú atá saor ó mhíshonrú ábhartha, cé acu más calaois nó earráid is cúis leis.

Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Ceanglaítear orm faoi alt 22 den Acht um Choimisiún Forbartha an Iarthair, 1998 chun iniúchadh a dhéanamh ar ráitis airgeadais Choimisiún Forbartha an Iarthair agus chun tuairisciú a dhéanamh orthu le Tithe an Oireachtais.

Is é mo chuspóir agus mé ag tabhairt faoin iniúchadh dearbhú réasúnta a fháil faoi cé acu an bhfuil nó nach bhfuil na ráitis airgeadais, ina n-iomláine, saor ó mhíshonrú ábhartha, cé acu más calaois nó earráid is cúis leis. Is ionann dearbhú réasúnta agus ardleibhéal de dhearbhu, ach ní hionann é agus ráthaíocht go mbraithfidh iniúchadh faoina dtugtar i gcomhréir leis na Cllanna i gcónaí míshonrú ábhartha nuair is ann dó. Féadfaidh míshonruithe eascairt ó chalaois nó earráid agus meastar go bhfuil siad ábhartha más féidir súil réasúnta a bheith leis go n-imreoidh siad tionchar ar chinntí geilleagracha úsáideoirí a rinneadh ar bhunús na ráiteas airgeadais seo.

Mar chuid d'iniúchadh i gcomhréir leis na Cllanna, déanaim breithiúnas gairmiúil agus leanann amhras gairmiúil a bheith orm i gcaitheamh an iniúchta. Agus amhlaidh á dhéanamh agam,

- Sainaithníim agus measúnaím na rioscaí i leith mhíshonrú ábhartha na ráiteas airgeadais, cé acu más calaois nó earráid is cúis leis, dearaim agus tugaim faoi nósanna imeachta iniúchta a fhreagraíonn ar na rioscaí siúd, agus faighim fianaise iniúchta ar leor agus ar cuí í le bunús a sholáthar do mo thuairim. Tá an riosca a chruthaítear nuair nach mbraitear míshonrú ábhartha a eascraíonn as calaois níos airde ná riosca a eascraíonn as earráid, mar gheall go bhféadfadh claonpháirteachas, brionnú, easnaimh d'aon turas, míléiriú, nó gabháil i dtreis ar rialú inmheánach.
- Faighim tuiscint ar rialú inmheánach a bhaineann leis an iniúchadh d'fhonn nósanna imeachta iniúchta a dhearadh atá cuí faoi na cúinsí, ach nach bhfuil cuí ar mhaithe le tuairim a léiriú faoi éifeachtacht na rialuithe inmheánacha.

- Déanaim meastóireacht ar oiriúnacht na mbeartas cuntasáochta a úsáidtear agus réasúntacht na meastachán cuntasáochta agus an nochtadh ghaolmhair.
- Bainim tátal a bhaint as oiriúnacht na húsáide a bhaintear an bonn gnóthais leantaigh na cuntasáochta agus, bunaithe ar an bhfianaise iniúchta a fuarthas, cé acu arb ann nó nach ann d'éiginnteacht ábhartha a bhaineann le himeachtaí nó coinníollacha a d'fhéadfadh cumas Choimisiún Forbartha an Iarthair a chur faoi amhras suntasach chun leanúint mar ghnóthas leantach. Má bhainim an tátal as gurb ann d'éiginnteacht ábhartha, ceanglaítear orm aird a thabhairt i mo thuarascáil ar an nochtadh gaoimhar sna ráitis airgeadais nó, mura cuí an nochtadh sin, ceanglaítear orm mo thuairim a bhunathrú. Tá mo chonclúidí bunaithe ar an bhfianaise iniúchta a fuarthas a fhad le dáta mo thuarascála. D'fhéadfadh go mbeadh imeachtaí nó coinníollacha amach anseo mar chúis leis, áfach, go gcuirfidh Coimisiún Forbartha an Iarthair deireadh le leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach.
- Déanaim meastóireacht ar chur i láthair, struchtúr agus ábhar foriomlán na ráiteas airgeadais, an nochtadh san áireamh, agus cé acu an léirítear nó nach léirítear sna ráitis airgeadais na bun-idirbhearta agus imeachtaí ar bhealach a bhaineann cur i láthair cothrom amach.

Déanaim cumarsáid leo siúd atá freagrach as rialachas i ndáil le, i measc ceisteanna eile, scóip agus uainiú pleanáilte an iniúchta agus torthaí suntasacha iniúchta, aon easnaimh i rialú inmheánach ina measc a shainaithnímid i rith m'iniúchta.

Faisnéis eile seachas na ráitis airgeadais

Ní chumhdaíonn mo thuairim faoi na ráitis airgeadais an fhaisnéis eile a chuirtear i láthair sna ráitis siúd agus ní léirím aon fhoirm de chonclúid dearbhaithe faoi.

I dtaobh m'iniúchta ar na ráitis airgeadais, ceanglaítear orm faoi na Cllanna chun an fhaisnéis eile a chuirtear i láthair a léamh agus, nuair atá amhlaidh á dhéanamh, breithniú a dhéanamh ar cé acu an bhfuil nó nach bhfuil an fhaisnéis eile neamh-chomhsheasmhach go hábhartha leis na ráitis airgeadais nó an t-eolas a fuair mé san iniúchadh, nó más dealraitheach, ar bhealach eile, go ndearnadh an fhaisnéis eile a mhíshonrú go hábhartha. Má bhainim an tátal as, bunaithe ar an obair a rinne mé, go ndearnadh an fhaisnéis eile seo a mhíshonrú go hábhartha, tá orm sin a thabhairt le fios.

Tuairisciú ar cheisteanna eile

Tugaim faoi m'iniúchadh trí thagairt a dhéanamh do bhreithniúcháin speisialta a bhaineann le comhlachtaí Stáit maidir lena mbainistiú agus lena n-oibriú. Tuairiscím má shainaithním ceisteanna ábhartha lena mbaineann an bealach a tugadh faoi ghnó poiblí.

Lorgaím fianaise a fháil faoi rialtacht na n-idirbheart airgeadais i gcúrsa an iniúchta. Tuairiscím má shainaithním aon chás ábhartha nár caitheadh airgead poiblí chun a gcríoch beartaithe nó sa chás nach raibh na hidirbhearta i gcomhréir leis na húdaráis a bhí á rialú.

Tuairiscím, trí eisceacht, chomh maith, sna cásanna seo a leanas:

- Ní bhfuair mé, i mo thuairim, an fhaisnéis agus na mínithe go léir a theastaigh uaim chun m'iniúchadh a dhéanamh, nó
- I mo thuairim, níor leor na taifid chuntasaíochta lena ligean dom na ráitis airgeadais a léamh gan stró agus a iniúchadh i gceart, nó
- Níl na ráitis airgeadais, i mo thuairim, i gcomhréir leis na taifid chuntasaíochta.

An Ráiteas ar Rialú Inmheánach 2020

Scóip na Freagrachta

Thar ceann Choimisiún Forbartha an Iarthair (CFI), aithním an fhreagracht atá ar an gCoimisiún as a chinntiú go bhfuil córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais á choimeád agus á fheidhmiú. Tugtar san fhreagracht seo aird ar riachtanais an Chóid Chleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016).

Cuspóir an Chórais Rialaithe Inmheánaigh

Tá an córas rialaithe inmheánaigh in ainm is riosca a bhainistiú i leith leibhéal infhulaingthe, seachas fáil réidh leis. Ní féidir leis an gcóras ach a dhearbhu go réasúnta, seachas go hiomlán, go gcosnaítear sócmhainní, go n-údaraítear idirbhearta agus go gcuirtear i dtaifead iad i gceart, agus go gcoisctear earráidí nó neamhrialtachtaí ábhartha nó go mbraithfí iad ar bhealach tráthúil.

Tá an córas rialaithe inmheánaigh, atá ar aon dul leis an treo a d'eisigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i bhfeidhm in CFI don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2020 agus a fhad le dáta faofa na ráiteas airgeadais.

Cumas chun Riosca a Láimhseáil

Tá Coiste Iniúcháireachta agus Riosca (CIR) ag CFI ina bhfuil triúr ball den Choimisiún agus ball seachtrach amháin, a bhfuil saineolas airgeadais agus iniúcháireachta acu, agus Cathaoirleach atá i nduine amháin díobh. Chas an CIR ar a chéile ceithre huaire in 2020.

Bhunaigh CFI feidhm iniúcháireachta inmheánaí, chomh maith, a bhfuil acmhainní leordhóthanacha aige agus a thugann faoi chlár oibre lena gcomhaontaítear leis an CIR.

D'fhorbair an CIR beartas bainistíochta riosca ina leagtar amach an inghlacthacht riosca, na próisis bhainistíochta riosca atá i bhfeidhm agus sonraítear ann ról agus freagrachtaí na foirne maidir le riosca.

Creat Riosca agus Rialaithe

Tá próiseas bainistíochta riosca bunaithe ag CFI a chumasaíonn sainaithint agus measúnú rioscaí a bhféadfadh tionchar a bheith acu ar fheidhmíocht agus ar chuspóirí gnó, agus cinntíonn sé go gcuirtear pleananna maolaithe cuí curtha le chéile chun an riosca iarmharach a íoslaghdú.

Tá Clár Rioscaí i bhfeidhm ina sainaithnítear na príomhrioscaí atá roimh CFI agus rinneadh iad seo a shainaithint, a mheasúnú agus a ghrádú i dtaobh a thábhachtaí atá siad. Buanordú atá sa chlár rioscaí ar chlár an Choimisiúin, an CIR agus na Bainistíochta agus déantar athbhreithniú air ag gach cruinniú. Úsáidtear toradh na measúnuithe seo chun acmhainní a phleanáil agus a leithdháileadh lena chinntiú go mbainistítear rioscaí i leith leibhéal inghlactha.

Sonraítear sa chlár rioscaí na rialuithe agus gníomhartha a theastaíonn chun rioscaí agus freagracht as oibriú rialuithe a shanntar do chomhaltaí sonracha foirne a mhaolú. Is féidir le CFI a dheimhniú go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm ina bhfuil na gnéithe a leanas:

- Rinneadh nósanna imeachta do gach príomhphróiseas gnó a dhoiciméadú.
- Sannadh freagrachtaí airgeadais ar leibhéal bainistíochta agus sannadh an fhreagracht chomhfhreagrach.
- Tá córas cuí buiséadta ann ag a bhfuil buiséad bliantúil ar a ndéanann an bhainistíocht shinsearach athbhreithniú leanúnach.
- Tá córais ann atá dírithe ar shlándáil na gcóras teicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide a chinntiú,
- Tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint.
- Cinntíonn nósanna imeachta rialaithe maidir le cistiú a sholáthar do ghníomhaireachtaí seachtracha go bhfuil dóthain rialaithe ar chistí a fhaomhadh agus monatóireacht agus athbhreithniú a dhéanamh ar dheontaithe lena chinntiú gur cuireadh cistí chun feidhme don chuspóir a beartaíodh.

Tionchar COVID-19 ar an gCreat Riosca agus Rialaithe

Rinne CFI measúnú leanúnach ar a chreat rialaithe i ndiaidh briseadh amach Covid-19 agus gur aistrigh an fhoireann go léir go dtí cianoibriú. Tugadh ardáin reatha shlána teicneolaíochta isteach i measc na foirne go léir le cianoibriú agus bearta cibearshlándála níos fearr a éascú, agus cuireadh oiliúint agus tástáil i bhfeidhm freisin. Déantar measúnú ar an tionchar a imríonn rioscaí de bharr COVID-19 mar chuid de phróiseas bainistíochta riosca CFI agus leanfaidh CFI de dhul i mbun na ngníomhartha riachtanacha go léir leis na rioscaí ábhartha go léir a sainaithníodh a mhaolú

Monatóireacht agus Athbhreithniú Leanúnach

Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla chun monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus cuirtear easnaimh rialaithe in iúl dóibh siúd atá freagrach as dul i mbun gníomh ceartaitheach agus don bhainistíocht agus an Coimisiún, sa chás gurb íomchuí, ar bhealach tráthúil. Is féidir CFI a dheimhniú go bhfuil na córais mhonatóireachta leanúnaí seo a leanas i bhfeidhm: -

- Sainaithníodh príomhrioscaí agus rialuithe gaolmhara agus cuireadh próisis i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar oibriú na bpríomhrialuithe siúd agus aon easnaimh a thugtar le fios a shainaithnítear;
- Bunaíodh socruithe tuairiscithe ar gach leibhéal sa chás gur sannadh freagracht as bainistíocht airgeadais.
- Déanann an bhainistíocht shinsearach athbhreithnithe rialta ar thuarascálacha tréimhsiúla agus bliantúla feidhmíochta agus airgeadais a thugann feidhmíocht le fios i leith na mbuiséad/dtuartha.

Soláthar

Deimhníonn an Coimisiún gur fhorbair agus gur chuir CFI Beartais agus Nósanna Imeachta Soláthair agus Plean Soláthar i bhfeidhm a shainordaíonn comhlíonadh chun na riachtanais a shásamh faoin gCreat Beartais Náisiúnta um Sholáthar Poiblí. Déanann CFI dícheall comhlíonadh iomlán na nósanna imeachta soláthair a chinntiú, bunachar sonraí conartha san áireamh ina bhfuil córas monatóireachta i bhfeidhm chun soláthar neamhchomhlíontach a thabhairt faoi deara. Cuireadh oiliúint ar sholáthar ar fáil in 2020 don fhoireann go léir.

An Ráiteas ar Rialú Inmheánach 2020

Athbhreithniú ar Éifeachtacht

Deimhníonn an Coimisiún go bhfuil nósanna imeachta ag CFI chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta bainistíochta riosca agus rialaithe. Tá an mhonatóireacht agus an t-athbhreithniú a dhéanann an CFI ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh curtha ar an eolas ag an obair a dhéanann na hiniúcháirí inmheánacha agus seachtracha, an CIR, a dhéanann maoirseacht ar a n-obair, agus an bhainistíocht shinsearach laistigh de CFI atá freagrach as forbairt agus cothabháil an chreata rialaithe inmheánaigh airgeadais.

Is féidir le CFI a dheimhniú gur thug an Coimisiún faoi athbhreithniú bliantúil ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha don bhliain 2020.

Saincheisteanna Rialaithe Inmheánaigh

Ní raibh Bord i bhfeidhm ag CFI ar feadh 4 mhí in 2020 (ó Lúnasa go dtí Samhain 2020). Mar gheall air sin, ní fhéadfaí aon Chathaoirleach a cheapadh leis an CIR go dtí Samhain 2020. Níor chas an CIR le chéile idir Lúnasa agus Samhain 2020. Thit 3 cinn den líon riachtanach 4 chruinniú den CIR amach dá bharr in 2020. Lena chois sin, mar gheall ar an moill a bhí ar an mBord a cheapadh, cuireadh Ceistneoir Féinmheasúnaithe an Bhoird ar athlá go dtí an bhliain 2021.

Níor cuireadh aon chruinnithe an PCC ar bun ó lúil 2020 go dtí an 7 Nollaig 2020 mar gheall nach raibh aon bhall den Bhord ag feidhmiú ó Lúnasa 2020 go dtí Samhain 2020. Is é an córam ná ceathrar ball den PCC agus caithfidh ar a laghad duine amháin díobh a bheith ina mball den Bhord.

Sínithe thar ceann an Choimisiúin



Gerry Finn
Cathaoirleach
08.12.2021

An Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Coimeádta

Ioncam	Nóta	2020 € Coimisiún Forbartha an Iarthair	2020 € Ciste Infheistíochta an Iarthair	2020 € Cistiú Deontas an AE	2020 € Iomlán	2019 € Coimisiún Forbartha an Iarthair	2019 € Ciste Infheistíochta an Iarthair	2019 € Cistiú Deontas an AE	2019 € Iomlán
Deontais an Oireachtais	2	1,859,118	0	0	1,859,118	1,962,305	0	0	1,962,305
Deontais AE	3	0	0	359,945	359,945	0	0	906,573	906,573
Ioncam eile	4	675,101	0	0	675,101	6,265	0	0	6,265
Aistriú chuig Cistiú Deontas an AE		0	0	0	0	0	0	0	0
Ioncam infheistíochta	5	0	61,504	0	61,504	0	167,264	0	167,264
Glanchistiú larchurtha do Phinsin	15c	447,000	0	0	447,000	349,000	0	0	349,000
Ioncam Iomlán		2,981,219	61,504	359,945	3,402,668	2,317,570	167,264	906,573	3,391,407
Caiteachas									
Costais Oibriúcháin	6a/b	(2,995,815)	0	(415,943)	(3,411,758)	(2,251,039)	0	(679,887)	(2,930,926)
Barrachas/(Easnamh) oibriúcháin don bhliain		(14,596)	61,504	(55,998)	(9,090)	66,531	167,264	226,686	460,481
Méadú/(Laghú) ar luach sócmhainní airgeadais	7	0	98,084	0	98,084	0	(327,972)	0	(327,972)
Barrachas/(Easnamh) don bhliain roimh leithreasáil		(14,596)	159,588	(55,998)	88,994	66,531	(160,708)	226,686	132,509
Aistriú ó/(chuig) an gcuntas caipitil	13	2,929	0	0	2,929	(28,908)	0	0	(28,908)
Barrachas/(Easnamh) don bhliain i ndiaidh leithreasáil		(11,667)	159,588	(55,998)	91,923	37,623	(16,708)	226,686	103,601
Cúlchistí amhail an 1 Eanáir		758,774	72,568,009	278,100	73,604,883	721,151	72,728,717	51,414	73,501,282
Cúlchistí an 31 Nollaig		747,107	72,727,597	222,102	73,696,806	758,774	72,568,009	278,100	73,604,883

Tá an Ráiteas ar Shreafaí Airgid agus nótaí 1-20 mar chuid de na ráitis airgeadais seo.



Gerry Finn, Cathaoirleach
08.12.2021



Tómás Ó Síochain, POF
08.12.2021


An Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach

	2020	2019
Barrachas don bhliain	<u>91,923</u>	<u>103,601</u>
Caillteanas/(gnóthachan) ó thaithí a eascraíonn as dliteanais scéime	528,000	1,431,000
Caillteanais a eascraíonn as athruithe ar thoimhdí	0	0
Caillteanas/(gnóthachan) achtúireach ar dhliteanais phinsin	528,000	1,431,000
Coigeartú ar chistiú pinsin iarchurtha	(528,000)	(1,431,000)
Gnóthachain/(caillteanais) iomlána don bhliain	<u>91,923</u>	<u>103,601</u>

Tá an Ráiteas ar Shreafaí Airgid agus nótaí 1-20 mar chuid de na ráitis airgeadais seo.



Gerry Finn, Cathaoirleach
08.12.2021



Tómás Ó Síochain, POF
08.12.2021


An Ráiteas ar an Staid Airgeadais

	Nótaí	2020 €	2019 €
Sócmhainní Seasta			
Daingneáin agus feistis	9	38,156	41,085
Sócmhainní Airgeadais			
	10	72,727,597	72,568,009
		<u>72,765,753</u>	<u>72,609,094</u>
Sócmhainní Reatha			
Airgead Tirim agus Coibhéisí Airgid Thirim		1,978,869	2,197,428
Infháltais	11	414,534	487,881
		<u>2,393,403</u>	<u>2,685,309</u>
Dlíteanais Reatha			
Suimeanna Iníoctha	12	(1,424,194)	(1,648,435)
Glansócmhainní Reatha			
		<u>969,209</u>	<u>1,036,874</u>
Sócmhainní Iomlána lúide Dlíteanais Reatha roimh phinsin		73,734,962	73,645,968
Cistiú larchurtha Pinsin		(7,925,000)	(6,950,000)
Dlíteanais phinsin		7,925,000	6,950,000
Sócmhainní Iomlána			
		<u>73,734,962</u>	<u>73,645,968</u>
Ina bhfuil			
Ciste Infheistíochta	10	72,727,597	72,568,009
Deontais/NPP an AE	19	222,102	278,100
Cúlchistí Ioncaim Coimeádta		747,107	758,774
Cuntas Caipitil	13	38,156	41,085
		<u>73,734,962</u>	<u>73,645,968</u>

Tá an Ráiteas ar Shreafaí Airgid agus nótaí 1-20 mar chuid de na ráitis airgeadais seo.



Gerry Finn, Cathaoirleach
08.12.2021



Tómás Ó Síochain, POF
08.12.2021

An Ráiteas ar Shreafaí Airgid

Barrachas/(Easnamh) a réiteach chuig Sreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin

	2020 € Coimisiún Forbartha an Iarthair	2020 € Ciste Infheistíochta an Iarthair	2020 € Cistiú Deontas an AE	2020 € Iomlán	2019 € Western Development Commission	2019 € Ciste Infheistíochta an Iarthair	2019 € Cistiú Deontas an AE	2019 € Iomlán
Barrachas ioncain os cionn caiteachais	(11,667)	159,588	(55,998)	91,923	37,623	(160,708)	226,686	103,601
Dímheas agus bearnú sócmhainní seasta	31,100	0	0	31,100	26,384	0	0	26,384
Aistriú chuig an gcuntas caipitil	(2,929)	0	0	(2,929)	28,908	0	0	28,908
Caillteanas ar dhiúscairtí	1,185	0	0	1,185	0	0	0	0
Aistriú chuig/(ó) Cistiú Deontas an AE	0	0	0	0	0	0	0	0
Ús bainc	0	2,984	0	2,984	0	(25,871)	0	(25,871)
Díbhinní	0	(45,000)		(45,000)	0	0	0	0
(Méadú)/Laghdú ar Infháiltais	33,242	0	40,105	73,347	(48,343)	0	(134,901)	(183,244)
Méadú/(Laghdú) ar Shuimeanna Iníochta	(237,885)	0	13,644	(224,241)	1,499,459	0	(36,042)	1,463,417
(Méadú)/Laghdú ar luach sócmhainní airgeadais	0	(98,084)	0	(98,084)	0	327,972	0	327,972
(Insreabhadh)/Eis-Sreabhadh ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin	(186,954)	19,488	(2,249)	(169,715)	1,544,031	141,393	55,743	1,741,167
Glan-Sreafaí Airgid ó Ghníomhaíochtaí Infheistíochta								
Íocaíochtaí chun sócmhainní seasta a fháil	(29,356)	0	0	(29,356)	(55,292)	0	0	(55,292)
Íocaíochtaí chun gnáthscair a fháil	0	(3,221,264)	0	(3,221,264)	0	(2,134,219)	0	(2,134,219)
Íocaíochtaí chun ionstraimí fiachais a fháil	0	(1,509,506)	0	(1,509,506)	0	(2,307,348)	0	(2,307,348)
Fáltais ó ionstraimí fiachais	0	975,931	0	975,931	0	671,331	0	671,331
Fáltais ó gháthscair	0	316,702	0	316,702	0	1,011,952	0	1,011,952
Glan-Insreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Infheistíochta	(29,356)	(3,438,137)	0	(3,467,493)	(55,292)	(2,758,284)	0	(2,813,576)
Glan-Sreafaí Airgid ó Ghníomhaíochtaí Maoinithe								
Ús bainc a fuarthas	0	(2,984)	0	(2,984)	0	25,871	0	25,871
Díbhinní a fuarthas	0	45,000	0	45,000	0	0	0	0
Aistriú chuig Cistiú Deontas an AE	0	0	0	0	0	0	0	0
Glan-Insreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Maoinithe	0	42,016	0	42,016	0	25,871	0	25,871
Glanmhéadú/(Glanlaghdú) ar Airgead Tirim agus Coibhéisí Airgid Thirim								
Airgead Tirim agus Coibhéisí Airgid Thirim an 1 Eanáir	1,662,371	45,313,264	535,057	47,510,692	173,632	47,904,284	479,314	48,557,230
Airgead Tirim agus Coibhéisí Airgid Thirim an 31 Nollaig	1,446,061	41,936,631	532,808	43,915,500	1,662,371	45,313,264	535,057	47,510,692

1. Beartais Chuntasaíochta

Leagtar amach thíos bonn na cuntasaíochta agus na beartais shuntasacha chuntasaíochta lenar ghlac Coimisiún Forbartha an Iarthair. Cuireadh i bhfeidhm go comhsheasmhach iad go léir i gcaitheamh na bliana agus don bhliain roimhe sin.

a) Gnóthas Leantach

Ó thráth luath in 2020, tá an tír le linn éigeandáil náisiúnta sláinte poiblí agus gheilleagrach mar gheall ar phaindéim víreasach Covid-19 a bhain ceithre chearn na cruinne amach.

Chuir Covid-19 isteach ar go leor oibríochtaí gnó. Leanann méid suntasach idirnáisiúnta an víris leis an mbaol a chruthú go gcuirfear isteach ar mhargaí idirnáisiúnta. Tá an cás ag teacht chun cinn ar luas chomh tapa sin gur deacair an tionchar féin atá á imirt aige ar an ngnó a dheimhniú.

Tá roinnt athruithe suntasacha déanta ag CFI chun an baol a mhaolú a chruthaíonn sé do leanúnachas gnó agus chun sláinte agus folláine ár bhfostaithe agus ár gconraitheoirí a chosaint. D'ullmhaigh an Coimisiún réamh-mheastacháin sreabhaidh airgid do na chéad 12 mhí eile amach romhainn a rinneadh a choigeartú go cuí chun tionchair éifeacht Covid-19 ar an earnáil in Éirinn agus ar CFI a chur san áireamh go réasúnta. Aithníonn na réamh-mheastacháin seo an leibhéal éagsúlaithe i ngníomhaíochtaí gnó an Choimisiúin. Tugann na réamh-mheastacháin sreabhaidh airgid seo le fios go leanfaidh CFI lena dhliteanais a shásamh de réir mar a bhíonn siad dlite i gcaitheamh na tréimhse seo.

Mar sin féin, creideann an Coimisiún go bhfuil samhail ghnó dhaingean aige, agus le tacaíocht ár máthair-roinne, ár mbanc, ár soláthraithe agus ár bhfostaithe, beimid in ann déileáil leis na dúshlán a chruthaíonn Covid-19.

Leanann CFI, ar an gcúis seo, ag glacadh leis an mbonn gnóthais leantaigh agus a Ráitis Airgeadais á n-ullmhú acu.

a) Eolas ginearálta

Bunaíodh Coimisiún Forbartha an Iarthair faoin Acht um Choimisiún Forbartha an Iarthair, 1998, agus tá a cheannoifig suite ag Teach Diolúin, Bealach an Doirín, Contae Ros Comáin.

Is é príomhchuspóir Choimisiún Forbartha an Iarthair, faoi mar a leagtar amach i gCuid 8 den Acht um Choimisiún Forbartha an Iarthair, forbairt gheilleagrach agus shóisialta i Réigiún an Iarthair a chur chun cinn agus a chur faoi deara go gcuirfear chun cinn í, agus cabhrú léi, agus í a chothú agus a spreagadh.

Is aonán poiblí é Coimisiún Forbartha an Iarthair.

a) Ráiteas comhlíontachta

Dlí na hÉireann agus FRS 102 “an Caighdeán um Thuairisciú Airgeadais atá infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann”, a d’eisigh an Chomhairle um Thuairisciú Airgeadais (an CTA) atá sa chreat tuairiscithe airgeadais a cuireadh i bhfeidhm agus ráitis airgeadais Choimisiún Forbartha an Iarthair á n-ullmhú.

a) Bonn an ullmhúcháin

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil, seachas i gcás sócmhainní agus dliteanais áirithe a thomhaistear ar a luachanna córa, faoi mar a mhínítear sna beartais chuntasaíochta thíos. Tá na ráitis airgeadais san fhoirm a d’fhaomh an tAire Coimirce Sóisialaí, Forbartha Tuaithe agus Pobail agus Oileán, le comhthoiliú an Aire Airgeadais faoin Acht um Choimisiún Forbartha an Iarthair, 1998. Cuireadh na beartais chuntasaíochta seo a leanas i bhfeidhm go comhsheasmhach nuair a bhíodhas ag déileáil le hearraí a mheastar atá ábhartha maidir le ráitis airgeadais Choimisiún Forbartha an Iarthair.

Ní aithníonn CFI luach na n-infheistíochtaí cothromais, mar gheall nach bhfuil na haonáin á rialú aige.

a) Ioncam

Deontais an Oireachtais

Aithnítear ioncam go ginearálta ar bhonn fabhruithe; eisceacht ina leith seo iad Deontais an Oireachtais a aithnítear ar bhonn fáltais airgid.

Ioncam Infheistíochta

Aithnítear ioncam infheistíochta sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus sa chuntas Cúlchistí Coimeádta ar bhonn fabhruithe. Ríomhtar ús ar iasachtaí ar bhonn an iarmhéid laghdaithigh agus aithnítear é thar thréimhse an chomhaontaithe. Aithnítear ioncam díbhinní ó ghnáthscaireanna ar bhonn fabhruithe nuair atá an díbhinn fógartha. Tá ioncam díbhinní ó scaireanna tosaíochta sonraithe i gcomhaontuithe dlí, agus íoctar iad nuair atá dóthain cúlchistí indáilte ag na cuideachtaí. Aithnítear é mar ioncam nuair atá ceart Choimisiún Forbartha an Iarthair íocaíocht a fháil bunaithe.

Táillí monatóireachta

Aithnítear táillí a fhaightear i gCiste Infheistíochta an Iarthair. Déantar forchostais a bhaineann le hoibriú Chiste Infheistíochta an Iarthair a ghearradh ar Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Coimeádta an Choimisiúin.

Gnóthachan agus Caillteanas ar Infheistíochtaí agus Iasachtaí a Aithint

Aithnítear gnóthachain agus caillteanas mar thoradh ar dhíol infheistíochtaí, nó díscríobh infheistíochtaí nó iasachtaí cothromais sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus i gCúlchistí Coimeádta ina dtarlaíonn siad.

Aithnítear gnóthachain agus cailíteanais neamhréadaithe a eascraíonn as athruithe ar luacháil infheistíochtaí agus iasachtaí, sa chás go bhfuil Coimisiún Forbartha an Iarthair faoin tuairim go bhfuil luach infheistíochta laghdaithe faoi bhun an luacha anonn agus cruthaítear foráil agus déantar é a mhuirearú chuig an Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Coimeádta.

Aithnítear gnóthachain neamhréadaithe mar thoradh ar athluacháil infheistíochta sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Coimeádta i gcásanna inar féidir luach cóir na hinfheistíochta a mheas go cruinn.

Aithnítear díscríobh lagaithe sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Coimeádta.

I gcás go ndíoltar infheistíochtaí cothromais, ní aithnítear aon mhéideanna a choimeádtar in eascró sa Ráiteas ar Staid an Airgeadais, ach ní aithnítear iad ach nuair a fhaightear iad.

Aithnítear ioncam eile ar bhonn fabhrúithe.

a) Sócmhainní Seasta

Luaitear sócmhainní seasta ar a gcostas lúide dímheas carnach, agus coigeartaítear iad d'aon fhoráil le haghaidh bearnú. Luaitear dímheas ar rátaí a mheastar chun díscríobh a dhéanamh ar chostas gach sócmhainne ar bhonn líne dhíreach i gcaitheamh a saoil mheasta úsáide, mar seo a leanas:

(i)	Daingneáin agus Feistis	15% sa bhliain
(ii)	Trealamh Ríomhaire	33% sa bhliain

a) Sócmhainní Airgeadais

Iasachtaí Lamháltais

De réir Alt 34 de FRS 102, deonaíonn Coimisiún Forbartha an Iarthair iasachtaí lamháltais d'aonáin leas an phobail i.e. iasachtaí a dheonaítear chun críche cuspóirí CFI a chur chun cinn, nach bhfuil inaisíochta ar éileamh agus a dheonaítear ar leibhéal faoi bhun an ráta margaidh úis atá i réim. Ar dtús, aithnítear iasachtaí sa Ráiteas ar an Staid Airgeadais ar an méid íochta. Ina dhiaidh sin, déanfar an méid tugtha anonn sna ráitis airgeadais a choigeartú chun aon ús fabhraithe iníochta nó infhaighte a léiriú. Déantar athbhreithniú ar iasachtaí iníochta gach bliain chun eolas a fháil maidir le comharthaí de bhearnúchán agus déantar aon chaillteanais bhearnúcháin a aithint sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Coimeádta.

Infheistíochtaí Gan Luachan

Tá gach Infheistíocht i gcuideachtaí neamhluaite. Más féidir, sonraítear a leithéid sin d'infheistíochtaí ar luach cóir. Sainmhínítear luach cóir mar an méid a bhféadfaí sócmhainn a mhalartú lena haghaidh idir páirtithe eolasacha agus toilteanacha in idirbheart ar neamhchomaoin. I gcásanna nuair nach féidir an luach cóir a thomhas go beacht, déantar an infheistíocht a luacháil ag costas mura bhfuil fianaise ann go bhfuil sé seo bearnaithe.

Iarmhéideanna Airgid Thirim

I dteannta le hinfeistíochtaí cothromais, iasachtaí agus ioncam táillí, cuimsítear i gciste Choimisiún Forbartha an Iarthair freisin iarmhéideanna airgid thirim chun infheistíochtaí amach anseo a mhaoiniú.

Dí-aithint sócmhainní airgeadais

Ní dhéantar sócmhainní airgeadais a dhí-aithint ach amháin nuair a éagann na cearta conarthacha i leith na sreafaí airgid thirim ón tsócmhainn nó nuair a réitítear iad, nó nuair a aistríonn CFI rioscaí agus luaíochtaí uile na húinéireachta go substainteach chuig aonán

eile, nó má choimeádtar roinnt rioscaí suntasacha ach aistríodh rialú na sócmhainne chuig páirtí eile atá in ann an tsócmhainn, ina hiomláine, a dhíol le tríú páirtí neamhghaolmhar.

Déantar iasachtaí a dhí-aithint, nuair atá an ceart sreafaí airgid ó na hiasachtaí a fháil imithe in éag, go hiondúil nuair atá na méideanna gan íoc ar fad aisíoctha ag an aonán. Ní aistríonn CFI iasachtaí chuig tríú páirtithe lena n-aisghabháil.

a) Infháiltais

Aithnítear infháiltais ar a luach cóir, lúide soláthar i leith fiacha amhrasacha. Is soláthar sonrach é an soláthar i leith fiacha amhrasacha, agus bunaítear é nuair is ann d'fhianaise oibiachtúil nach mbeidh Coimisiún Forbartha an Iarthair in ann gach méid atá dlite dó a bhailiú. Aithnítear gach gluaiseacht sa soláthar i leith fiacha amhrasacha sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Coimeádta.

a) Cláir Chistithe an AE

Glacann CFI páirt i roinnt tionscadal ó chláir chistithe an AE, Clár Interreg an AE agus Clár an Fhorimill Thuaidh agus an Artach (FTA) de chuid Interreg an AE san áireamh.

Ghlac Coimisiún Forbartha an Iarthair páirt i réimse tionscadail cheadaithe forbartha réigiúnaí, áirítear leo seo an tionscadal geilleagair chruthaithigh Spot-Lit, na tionscadail tacaíochta gnó Bizmentors agus Extra-SME, an tionscadal geilleagair chiorclaigh BCE agus tionscadail in-athnuaite, cosúil le Leco, agus RE-DIRECT.

Go ginearálta, is féidir le comhpháirtithe atá lonnaithe i mBallstáit an AE ráta deontais a mhéid le 65% a chur i bhfeidhm agus is féidir le comhpháirtithe atá lonnaithe sna tíortha comhpháirtithe lasmuigh den AE ráta deontais a mhéid le 50-65% a chur i bhfeidhm, ag brath ar an tír. Faoi chúinsí eisceachtúla, is féidir leis an gCoiste

Faireacháin ráta deontais níos airde a cheadú. Glacann CFI páirt sa chlár trí ranníocaíocht thart ar 35%-40% de na chostais a dhéanamh a bhaineann le gach tionscadal trí ranníocaíocht chomhchineáil de chuid phá chroífhóireann CFI, tuarastail agus ionsú chostais na hoifige a úsáid a bhíonn i gceist i rith shaolré na dtionscadal. Ghlac CFI páirt sna tionscadail seo mar phríomh-chomhpháirtí agus mar chomhpháirtí tionscadail araon. Mar phríomh-chomhpháirtí, déanann CFI éilimh thar ceann chomhpháirtíocht níos fairsinge an tionscadail le rúnaíocht Chlár Cistithe an AE. Sula ndéantar aon éileamh, deimhníonn rialaitheoir náisiúnta chéad leibhéal na costais i dtaobh comhlíonta agus a luaithe a d'eisigh an comhlacht seo deimhniú caiteachais, déanann an rúnaíocht an t-éileamh a chomhdhlúthú agus a phróiseáil. Sceidealaítear éilimh gach sé mhí. Ach tugtar faoi deara, áfach, go nglacann sé idir dhá mhí dhéag agus fiche a ceathair mí ar an aga tionscanta próiseála.

Mar chuid den phróiseas seo, déanann an AE iniúchadh tréimhsiúil ar Choimisiún Forbartha an Iarthair.

Aithnítear ioncam ar bhonn cuntais infhála. Cuirtear ioncam atá dlite maidir le caiteachas a tabhaíodh, ach nuair nár seoladh an t-éileamh lena mbaineann ar aghaidh, san áireamh mar ioncam.

a) Sochair Fostaí

Sochair Ghearrthéarmacha

Aithnítear sochair gearrthéarmacha, ar nós pá saoire, mar chostas sa bhliain, agus áirítear sochair a fhabhraítear ag deireadh na bliana le figiúirí na n-earraí iníoctha sa Ráiteas ar an Staid Airgeadais.

Sochair Scoir

Bhunaigh Coimisiún Forbartha an Iarthair a scéim pinsin féin le sochar sainithe roimhe seo, a chistítear gach bliain ar bhonn íoc mar a thuillir ó airgead a sholáthair an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail agus ó ranníocaíochtaí a asbhaineadh ó thuarastail foirne agus bhall.

Oibríonn Coimisiún Forbartha an Iarthair Scéim Pinsin Seirbhísí Poiblí Aonair (“Scéim Aonair”), chomh maith, ar scéim le sochar sainithe í d’fhostaithe sa tseirbhís phoiblí atá in aois an phinsin a ceapadh an 1 Eanáir 2013 nó ina dhiaidh sin. Íoctar ranníocaíochtaí chomhaltaí na Scéime Aonair leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe (an RCPA).

Léirítear i gcostais phinsin sochair phinsin a thuill fostaithe agus léirítear iad glan ar ranníocaíochtaí pinsin foirne a aisíoctar leis an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail. Aithnítear suim atá cothrom leis an táille phinsin mar ioncam sa mhéid is go bhfuil sé in-aisghabhála, agus seach-churtha ag deontais a fuarthas sa bhliain d’fhonn íocaíochtaí pinsin a scaoileadh.

Léirítear gnóthachain nó caillteanais achtúireacha a eascraíonn ar dhliteanais scéime sa Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach agus aithnítear coigeartú comhfhreagrach sa mhéid atá in-aisghabhála ón Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail.

Léirítear sna ráitis airgeadais na sócmhainní agus na dliteanais, ar luach cóir, a eascraíonn ó oibleagáidí pinsin Choimisiún Forbartha an Iarthair agus as aon chistiú gaolmhar, agus aithnítear na costais a bhaineann le sochair phinsin a sholáthar sna tréimhsí cuntasáochta inar thuill fostaithe iad. Déantar dliteanais na scéime sochar scoir a thomhas ar bhonn achtúireach agus leas á bhaint as modh na n-aonad réamh-mheasta creidmheasa.

a) Breithiúnais agus Meastacháin Chuntasaíochta Criticiúla

Is gá bainistíocht a dhéanamh ar ullmhú na ráiteas airgeadais chun breithiúnais, meastacháin agus toimhdí a dhéanamh a dhéanann difear do na suimeanna a tugadh le fios le haghaidh sócmhainní agus dlíteanas amhail dháta an chláir chomhardaithe agus na suimeanna a tugadh le fios le haghaidh ioncam agus costas i rith na bliana. Mar gheall ar chineál an mheastacháin, áfach, d'fhéadfadh torthaí iarbhir a bheith éagsúil ó na meastacháin siúd. D'imir na breithiúnais seo a leanas an tionchar ba shuntasá ar shuimeanna a aithnítear sna ráitis airgeadais.

Sócmhainní Airgeadais Neamhthrádáilte

Cinntear luach na sócmhainní airgeadais nach bhfuil trádáilte i margaí gníomhacha trí úsáid a bhaint as teicnící luachála. Baineann Coimisiún Forbartha an Iarthair feidhm as breithiúnas nuair a bhíonn éagsúlacht mhodhanna á roghnú agus déanann sé toimhdí atá bunaithe go príomha ar shonraí infheicthe agus coinníollacha arb ann dóibh ag gach dáta tuairiscithe.

Bearnú iasachtaí

Déanann Coimisiún Forbartha an Iarthair athbhreithniú iomlán agus críochnúil ar a phunann iasachtaí ar fad ag gach dáta tuairiscithe chun cinneadh a dhéanamh maidir le cibé an bhfuil nó nach bhfuil fianaise oibiachtúil ann go bhfuil aon cheann dá chuid iasachtaí bearnaithe. Déantar iasachtaí a mheas ar bhonn iasacht ar iasacht. Déantar foráil i ndáil le hiasachtaí lena mbaineann amhras suntasach agus fíor maidir le hinbhailitheacht an mhéid atá gan íoc. Ina theannta sin, más rud é, i rith na bliana, go bhfuil fianaise oibiachtúil ann go bhfuil aon iasacht aonair bearnaithe, aithneofar caillteanas sonrach.

Oibleagáid Sochair Scoir

Nuashonraítear na toimhdí atá faoi na luachálacha achtúireacha a ndéantar cinneadh orthu i dtaobh na suimeanna a aithnítear sna ráitis airgeadais (rátaí lascaine, rátaí méadaithe ar leibhéil chúitimh amach anseo, rátaí básmhaiseachta agus treorátaí costas cúram sláinte) gach bliain bunaithe ar choinníollacha reatha geilleagracha, agus i dtaobh aon athruithe a thagann ar théarmaí agus coinníollacha na bpleananna pinsin agus iarscoir.

Is féidir leis an méid seo a leanas tionchar a imirt ar na toimhdí:

- (i) an ráta lascaine, athruithe ar ráta an toraidh ar bhannaí corparáideacha ardchaighdeán
- (ii) leibhéil chúitimh amach anseo, coinníollacha margadh saothair amach anseo

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais	Notaí	2020 €	2019 €
2. Deontais an Oireachtais			
An Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail		1,921,953	2,015,212
Ranníocaíochtaí Pinsin Fostaí		(62,835)	(52,907)
Deontais an Oireachtais		<u>1,859,118</u>	<u>1,962,305</u>
3. Ioncam an AE			
Ioncam an AE		<u>359,945</u>	<u>906,573</u>
Glacann CFI páirt i roinnt tionscadal ó chlár chistithe an AE, Clár Interreg an AE agus Clár an Fhorimill Thuaidh agus Artach (FTA) de chuid Interreg an AE san áireamh. Go ginearálta, is féidir le comhpháirtithe atá lonnaithe i mBallstáit an AE ráta deontais a mhéid le 65% a chur i bhfeidhm agus is féidir le comhpháirtithe atá lonnaithe sna tíortha comhpháirtithe lasmuigh den AE ráta deontais a mhéid le 50-65% a chur i bhfeidhm, ag brath ar an tír. Faoi chúinsí eisceachtúla, is féidir leis an gCoiste Faireacháin ráta deontais níos airde a cheadú. Glacann CFI páirt sa chlár trí ranníocaíocht thart ar 35-40% de na costais a dhéanamh a bhaineann le gach tionscadal trí ranníocaíocht chomhchineáil de chuid phá chroífhóireann CFI, tuarastail agus ionsú chostais na hoifige a úsáid a bhíonn i gceist i rith shaolré thionscadal.			
4. Ioncam Eile			
Ioncam Eile		10,087	6,265
Moil Digiwest		210,427	0
Moil CGA		454,587	0
		<u>675,101</u>	<u>6,265</u>
5. Ioncam Infheistíochta			
Díbhinní a fuarthas ar infheistíochtaí cothromais		45,000	0
Ús a fuarthas ar iasachtaí		78,995	102,143
Ús a fuarthas/(a gearradh) ar airgead CII sa bhanc		(2,984)	25,871
Táillí Monatóireachta		15,578	39,250
Eisíocaíocht		(75,085)	0
		<u>61,504</u>	<u>167,264</u>

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais	Notes	2020 €	2019 €
6 a. Costais Oibriúcháin Coimisiún Forbartha an Iarthair			
Tuarastail (ÁSPC fostóra san áireamh)		1,272,474	1,072,244
Taisteal agus Cothú - Foireann		16,958	80,793
Costais Phinsin	15A	405,165	317,093
Oiliúint agus Forbairt		22,588	28,753
Caidreamh Poiblí		58,962	24,880
Táillí Gairmiúla		57,501	251,858
Táillí Gairmiúla - Ciste Infheistíochta an Iarthair		28,043	10,447
Earcaíocht Foirne		2,850	20,221
Baill an Choimisiúin			
Taisteal agus Cothú		1,181	17,197
Táillí		30,808	35,910
Cruinnithe agus Seimineáir		3,973	21,030
Fo-choistí / Painéil Chomhairleacha an Choimisiúin			
Taisteal agus Cothú		557	4,576
Cló agus Dearadh		9,878	21,265
Costais Oifige		57,042	39,971
Solas agus Téamh		4,727	4,980
Deisiúcháin agus Cothabháil		29,792	8,528
Árachas		14,976	13,341
Táille Iniúchta		14,300	12,000
Cuntasaíocht agus Iniúcháireacht Inmheánach		27,253	27,921
Fógraíocht, Margaíocht agus Suibscríbhinní		28,383	58,417
Teileachumarsáid		26,913	22,886
Dímheas	9	31,100	26,384
Caillteanas ar dhiúscairtí		1,185	0
Urraíocht agus Tionscadail		88,286	113,474
Ilghnéitheach		13,220	463
Íocaíochtaí comhpháirtithe		(16,407)	16,407
Córais forbartha gréasáin agus TF		99,094	0
Moil Digiwest		210,426	0
Moil CGA		454,587	0
		2,995,815	2,251,039
Léirítear Pá agus Tuarastail dhíreacha don fhoireann ar conradh chun oibriú go hiomlán ar Thionscadail AE faoi chaiteachas ar Dheontais/Thionscadail AE. Gearrtar ranníocaíocht Choimisiún Forbartha an Iarthair le costais ghaolmhara €195,006 (2019: €285,520) le haghaidh tionscadail AE ar na costais thuas.			

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais		2020 €	2019 €
6 b. Costais Oibriúcháin – Deontais/Tionscadail AE			
Tuarastail (ÁSPC fostóra san áireamh)		155,437	112,019
Taisteal agus Cothú - Foireann		9,291	44,848
Táillí Gairmiúla		100,357	159,784
Cruinnithe agus Comhdhálacha		669	9,716
Clódóireacht		4,061	1,614
Costais oifige		688	2,344
Ilghnéitheach		5,621	0
Cuir Chuige Réigiúnacha i leith Fiontraíocht Áitiúil a Spreagadh		139,819	349,562
		415,943	679,887
Gearrtar Pá agus Tuarastail dhíreacha don fhoireann a oibríonn go hiomlán ar Thionscadail AE ar na ráitis airgeadais faoi Chaiteachas ar Thionscadail AE. Ionsúitear ranníocaíocht Choimisiún Forbartha an Iarthair le costais ghaolmhara i rith shaolré an tionscadail i gcostais oibriúcháin Choimisiún Forbartha an Iarthair. Sceidealaítear éilimh gach sé mhí. D'fhéadfadh roinnt dátaí éilimh teacht aníos, áfach, lasmuigh den bhliain féilire agus tugtar faoi deara go nglacann sé idir dhá mhí dhéag agus fiche a ceathair mí chun éilimh a phróiseáil agus ó na hagaí tionscanta éileamh faoi Chlár Cistithe an AE.			
6 c. An Príomhphearsanra Bainistíochta			
Is éard atá sa phríomhphearsanra bainistíochta i gCoimisiún Forbartha an Iarthair an POF agus baill an Choimisiúin. B'ionann an cúiteamh iomlán a íocadh leis an bpríomhphearsanra bainistíochta, táillí agus costais bhaill an Choimisiúin agus luach saothair iomlán an POF san áireamh, agus €125,671, (2019: €151,180).			
6 d. Costais Foirne			
Tuarastail Choimisiún Forbartha an Iarthair (ÁSPC fostóra san áireamh)		1,272,474	1,072,244
Tuarastail Choimisiún Forbartha an Iarthair - Moil (ÁSPC fostóra san áireamh)		47,755	0
Tuarastail Chiste Infheistíochta an Iarthair (ÁSPC fostóra san áireamh)		75,085	0
Tuarastail Cistiú Deontais AE (ÁSPC fostóra san áireamh)		155,437	112,019
		1,550,751	1,184,263
2020 Coibhéis Lánaimeartha 25 (CLA) = 24.6 2019 Coibhéis Lánaimeartha 23 (CLA) = 23.2			

Tá ríomh na líonta Fostaithe Coibhéise Lánaimeartha (CLA) bunaithe ar an líon foirne buana/ ar conradh atá fostaithe ag deireadh na bliana. Léirítear in CLA 2019 dheireadh na bliana earcaíocht mhéadaithe sa chuid níos déanaí den bhliain sin.

Déantar sochair ghearrthéarmacha fostaithe a sháraíonn €60,000 a chatagóiriú sna bandaí seo a leanas:

Banda Tuarastail (€) 2020	Líon Foirne	Banda Tuarastail (€) 2019	Líon Foirne
60,000 – 70,000	6	60,000 – 70,000	6
70,000 – 79,000	0	70,000 – 79,000	0
80,000 – 89,000	0	80,000 – 89,000	0
90,000 – 99,000	3	90,000 – 99,000	3

Ar mhaithe leis an nochtadh thuas, áirítear le sochair ghearrthéarmacha fostaithe maidir le seirbhísí a cuireadh ar fáil i rith na tréimhse tuairiscithe, tuarastal agus íocaíochtaí eile a rinneadh thar ceann an fhostaí, ach ní áirítear ÁSPC fostóra leo.

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

	2020 Tuarastail	2020 Taisteal agus Cothú	2019 Tuarastail	2019 Taisteal agus Cothú
6 e. Tuarastail an POF				
An tUasal Tomás Ó Síocháin	92,352	1,330	87,294	10,779

Socraítear scála tuarastail an POF ar leibhéal Príomhoifigigh sa Státseirbhís.

Ní oibríonn Coimisiún Forbartha an Iarthair scéim dámhachtana a bhaineann le feidhmíocht. Ní dhearnadh aon íocaíochtaí bónais leis an POF.

Gnáthbhall é Tomás Ó Síocháin de scéim aoisliúntais Choimisiún Forbartha an Iarthair agus ní sháraíonn a theidlíochtaí pinsin na teidlíochtaí caighdeánacha atá i scéim aoisliúntais le sochar sainithe na hearnála poiblí.

6 f. Ranníocaíocht Aoisliúntais Bhreise (RAB)

Asbhaineadh €33,961 ón bhfoireann in 2020 tríd an tobhach pinsin (2019: €37,818) agus iocadh é leis an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail.

Tháinig an RAB in ionad na hasbhainte a bhaineann le pinsean (ABP) ar cuireadh deireadh leis ag deireadh 2018. Bhí an ABP bunaithe ar luach saothair inchánach agus tá an RAB bunaithe ar luach saothair inphinsin amháin. Cé gur bheart sealadach é an ABP, ranníocaíocht bhuan é an ABP maidir le luach saothair inphinsin.

7. Athrú ar luach sócmhainní airgeadais	2020 €	2019 €
Laghdú ar bhearnú (glan) in aghaidh gnáthscaire	62,545	342,560
Laghdú ar bhearnú (glan) in aghaidh iasachtaí	18,837	12,705
Athrangáid an meastachán agus díscríobhadh é in aghaidh infheistíochtaí agus iasachtaí	0	(743,313)
Méadú ar Luach Cóir Infheistíochtaí Cothromais	16,702	60,076
Méadú/(Laghdú) ar luach sócmhainní airgeadais	98,084	(327,972)
Cuirtear gnóthachan €16,702 (2019: caillteanas €671,091) san áireamh san athrú ar luach na sócmhainní airgeadais thuas a réadaíodh sa bhliain ó dhiúscairtí infheistíochtaí cothromais.		

8. Áitreabh

Tá Coimisiún Forbartha an Iarthair bunaithe i dTeach Diolúin, foirgneamh faoi úinéireacht Chomhairle Contae Ros Comáin agus atá á bhainistiú ag Oifig na nOibreacha Poiblí. Cuirtear an foirgneamh ar fáil saor ó chíos agus ní chuirtear aon soláthar san áireamh sna cuntais do chíos maidir leis an áitreabh seo.

9. Sócmhainní Seasta	2020 €	2019 €
Costas an 1 Eanáir	177,717	210,023
Breisiúcháin	29,356	55,292
Diúscairtí	(4,943)	(87,598)
Iarmhéid an 31 Nollaig	<u>202,130</u>	<u>177,717</u>
Dímheas Carntha	136,632	197,846
Muirear	31,100	26,384
Diúscairtí	(3,758)	(87,598)
Iarmhéid an 31 Nollaig	<u>163,974</u>	<u>136,632</u>
Glanluach Leabhar an 31 Nollaig	38,156	41,085

Tá Daingneáin agus Feistis ar GLL €8,606 (2019: €7,869) agus Trealamh Ríomhaire ar GLL €29,550, (2019: €33,216) san áireamh i Sócmhainní Seasta.

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

10 Sócmhainní Airgeadais	Notaí	2020 €	2019 €
Infheistíochtaí Cothromais ar luach cóir	10a	13,661,823	13,661,823
Infheistíochtaí Cothromais ar a gcostas lúide aon bhearnú	10a	12,039,984	9,056,175
Íasachtaí	10b	5,089,159	4,536,747
Táillí agus Eisiocaíocht Mhonatóireachta	10c	332,666	392,173
Iarmhéid airgid thirim ar fáil lena n-athinfheistiú	10c	41,603,965	44,921,091
		<u>72,727,597</u>	<u>72,568,009</u>

10 a. Infheistíochtaí Cothromais Gan Luachan			
Ar luach cóir			
Iarmhéid Tosaigh an 1 Eanáir		13,661,823	16,484,195
* Athrangú		0	(2,619,573)
Aisiompú ar Dhíol		(16,702)	(262,875)
Gluaiseacht ar Luach Cóir		16,702	60,076
Iarmhéid an 31 Nollaig		<u>13,661,823</u>	<u>13,661,823</u>
Ar chostas			
Luach Tosaigh an 1 Eanáir		11,508,104	8,234,554
* Athrangú		0	2,619,573
Breisiúcháin		3,221,264	2,134,219
Costas Díúscairtí		(300,000)	(1,480,242)
Iarmhéid an 31 Nollaig		<u>14,429,368</u>	<u>11,508,104</u>
Bearnú			
Iarmhéid Tosaigh an 1 Eanáir		(2,451,929)	(2,794,490)
Aisiompú ar Dhíol		(38,250)	1,271,412
Gluaiseacht ar Bhearnú		100,795	(928,851)
Iarmhéid an 31 Nollaig		<u>(2,389,384)</u>	<u>(2,451,929)</u>
Luacháil an 31 Nollaig		25,701,807	22,717,998

* Déantar an t-athrangú i bhfigiúirí comparáideacha 2019 leis "an infheistíocht cothromais ar a gcostas lúide aon bhearnú", arbh ionann é agus €9,056,175 a chur san áireamh.

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

10 b. Iasachtaí	2020 €	2019 €
Costas		
Luach Tosaigh an 1 Eanáir	5,686,716	4,062,847
Breisiúcháin	1,509,506	2,307,348
Aisiocaíochtaí Iasachta	(975,931)	(671,331)
Discríobh	0	(12,148)
Costas an 31 Nollaig	<u>6,220,291</u>	<u>5,686,716</u>
Bearnú		
Iarmhéid Tosaigh an 1 Eanáir	(1,149,969)	(1,162,674)
Gluaiseacht ar Bhearnú	18,837	12,705
Iarmhéid an 31 Nollaig	<u>(1,131,132)</u>	<u>(1,149,969)</u>
Luacháil an 31 Nollaig	5,089,159	4,536,747
Infhaighte laistigh de 12 mhí	1,240,713	436,298
Infhaighte i ndiaidh 12 mhí	3,848,446	5,250,418
10 c. Táillí agus Eisiocaíocht Mhonatóireachta		
Ioncam ó tháillí an 1 Eanáir	392,173	352,923
Táillí Monatóireachta	15,578	39,250
Eisiocaíocht	(75,085)	0
Iarmhéid an 31 Nollaig	<u>332,666</u>	<u>392,173</u>
10 d. Iarmhéideanna airgid thirim ar fáil lena n-athinfheistiú		
Iarmhéideanna airgid thirim an 1 Eanáir	44,921,090	47,551,362
Diúscairtí cothromais/aisiocaíochtaí iasachta sa tréimhse	1,292,633	1,683,281
Dibhinní a fuarthas ar infheistíochtaí cothromais	45,000	0
Ús a fuarthas ar iasachtaí	78,995	102,143
Ús a fuarthas/(a gearradh) ar airgead CII sa bhanc	(2,984)	25,871
Suímeanna a athinfheistíodh sa tréimhse - Cothromas	(3,221,264)	(2,134,219)
Suímeanna a athinfheistíodh sa tréimhse - Iasacht	(1,509,506)	(2,307,348)
Iarmhéideanna airgid thirim an 31 Nollaig	<u>41,603,965</u>	<u>44,921,090</u>

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

11. Infháiltais	2020 €	2019 €
Féichiúnaithe	190	2,690
Réamhíocaíochtaí	45,337	76,079
Deontais AE/Deontais NPP Infhaighte	369,007	409,112
	<u>414,534</u>	<u>487,881</u>

12. Suimeanna Infíochta		
Creidiúnaithe agus Fabhrúithe	230,891	260,118
Ioncam larchurtha	1,193,303	1,388,317
	<u>1,424,194</u>	<u>1,648,435</u>

Baineann ioncam larchurtha le réamhíocaíochtaí a fuarthas maidir le tionscadail a chistítear go leithligh a mhaoiníonn an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail.

13. An Cuntas Caipitil	2020 €	2020 €	2019 €	2019 €
Iarmhéid an 1 Eanáir	0	41,085	0	12,177
Aistriú chuig an gCuntas Ioncaim agus Caiteachais:	0	0	0	0
-Cistí a leithdháileadh chun Sócmhainní Seasta a éadail	29,356	0	55,292	0
-An méid a scaoileadh ar diúscairt	(1,185)	0	0	0
-An méid a amúchadh ar aon dul le dímhéas sócmhainne	<u>(31,100)</u>	0	<u>(26,384)</u>	0
		(2,929)		28,908
		<u>38,156</u>		<u>41,085</u>

14. Ceangaltais Amach Anseo - CII	2020 Gnáthscaireanna €	2020 lasachtaí €	2019 Gnáthscaireanna €	2019 lasachtaí €
Ceangaltais Tosaigh	5,034,362	1,951,987	4,342,331	485,555
Athrangú	(1,267,001)	1,267,001	0	0
Faomhadh	9,053,879	3,977,534	2,826,250	4,040,780
Saoradh	(1,089,286)	(485,068)	0	(267,000)
Íocaíochtaí amach	(3,221,264)	(1,509,506)	(2,134,219)	(2,307,348)
Ceangaltais Deiridh	<u>8,510,690</u>	<u>5,201,948</u>	<u>5,034,362</u>	<u>1,951,987</u>

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

15 Costais Sochair Scoir		
a) Anailís ar na costais iomlána sochair scoir a gearradh ar an Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Coimeádta	2020 €	2019 €
Costas seirbhíse reatha	395,000	270,000
Glanchoistas/(glanioncam) úis	73,000	100,000
Ranníocaíochtaí fostaí	(62,835)	(52,907)
	405,165	317,093

b) Gluaiseacht ar ghlanóibleagáidí sochar scoir le linn na bliana airgeadais		
Glanóibleagáidí sochair scoir amhail an 1 Eanáir	6,950,000	5,170,000
Costas seirbhíse reatha	395,000	270,000
Costas úis	73,000	100,000
Caillteanas/(gnóthachan) achtúireach	528,000	1,431,000
Sochair a íocadh	(21,000)	(21,000)
Glanóibleagáidí sochair scoir an 31 Nollaig	7,925,000	6,950,000

c) Cistiú iarchurtha do shochair scoir

Aithníonn an Coimisiún na suimeanna seo mar shócmhainn a chomhfhreagraíonn don dliteanas iarchurtha neamhchistithe do shochair scoir ar bhonn na sraithe toimhdí a ndéantar cur síos orthu thuas, mar aon le líon imeachtaí roimhe seo. Áirítear leis na himeachtaí seo, an bonn reachtúil le bunú na scéime sochair scoir agus an beartas agus an cleachtas atá i bhfeidhm faoi láthair i dtaca le pinsín seirbhíse poiblí a chistiú, lena n-áirítear ranníocaíochtaí ag fostaí agus an próiseas bliantúil meastachán.

Níl aon fhianaise ag an gCoimisiún nach leanfaidh an beartas cistithe seo chun íoc as na suimeanna siúd faoi mar a bhíonn siad dlite i gcomhréir leis an gcleachtas reatha.

Ba é seo a leanas an glanchistíú iarchurtha le haghaidh sochair scoir a aithnítear sa Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachais agus Cúlchistí Ioncaim Coimeádta:

	2020 €	2019 €
Cistiú atá inghnóthaithe maidir le costais sochar scoir na bliana reatha	468,000	370,000
Deontas stáit a úsáideadh chun sochair scoir a íoc	(21,000)	(21,000)
	447,000	349,000

B'ionann an tsócmhainn chistithe iarchurtha le haghaidh sochair scoir amhail an 31 Nollaig 2020 agus €7.925M (2019: €6.950M).

d) Stair na n-oibleagáidí le sochar sainithe	2020 €	2019 €	2018 €	2017 €	2016 €
Oibleagáidí le sochar sainithe	7,925,000	6,950,000	5,170,000	5,120,000	4,025,000
(Caillteanas)/gnóthachain ó thaithí ar dhliteanas na scéime le sochar sainithe	(528,000)	(1,431,000)	294,000	(835,000)	(138,000)
Céatadán dhliteanas an phlean	6.7%	20.6%	-5.7%	-16.3%	3.4%

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

e) Cur síos ginearálta ar an scéim

Oibríonn Coimisiún Forbartha an Iarthair scéim aoisliúntais neamhchistithe le sochar sainithe don fhoireann. Íoctar teidlíochtaí aoisliúntais a thagann aníos faoin scéim as ioncam reatha agus gearrtar iad ar an Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Coimeádta loncaim, glan ar ranníocaíochtaí aoisliúntais fostaí, sa bhliain ina mbíonn siad iníoctha.

Socrú pinsin tuarastail deiridh le sochar sainithe is ea an Scéim pinsin seo ina sainítear sochair agus ranníocaíochtaí agus tagairt á déanamh do rialacháin reatha na scéime "samhla" earnála poiblí. Soláthraíonn an Scéim pinsean (an t-ochtódú cuid sa bhliain seirbhíse), aisce nó cnapshuim (trí ochtódú cuid sa bhliain seirbhíse) agus pinsin chéile agus leanaí. Is í gnáthaois scoir comhalta a mbreithlá 65 bliain, agus tá teidlíocht ag comhaltaí atá i gcomhaltaí ó thréimhse roimh 2004 dul ar scor gan laghdú achtúireach a chur i bhfeidhm ó aois 60. Tagann méadú ar phinsin atá á n-íoc (agus á n-iarchur) ar bhonn lánroghnach ar aon dul le boilsciú tuarastail ginearálta.

Le héifeacht ón 1 Eanáir 2013, déantar baill den Scéim Pinsin Seirbhíse Poiblí Aonair d'iontrálaithe nua. Cuireann seo sochair ar fáil bunaithe ar mheántuilleamh gairm bheatha athluacháilte agus déantar na sochair a athluacháil ar aon dul leis an bPraghasinnéacs Tomhaltóirí. Beidh aois scoir íosta na Scéime nasctha le haois an Phinsin Stáit.

Tá na torthaí a leagtar amach thíos bunaithe ar luacháil achtúireach ar na dlíteanais maidir le foireann fónaimh, ar scor agus iarchurtha an Choimisiúin amháil an 31 Nollaig 2020.

Thug achtúire neamhspleách cáilithe faoin luacháil seo ar mhaithe leis an gcaighdeán cuntasafíochta, Caighdeán um Thuairisciú Airgeadais Uimh. 102 (FRS 102).

Ba iad na príomhthoimhdí airgeadais a úsáideadh:

	2020 €	2019 €
Ráta an mhéadaithe ar thuarastail	2.50%	2.25%
Ráta an mhéadaithe ar shochair scoir atá á n-íoc	2.00%	2.25%
Ráta lascaíne	0.80%	1.00%
Ráta boilscithe	1.75%	1.75%

Meanionchas saoil amach anseo	2020	2019
Fear aois 65	21.7 bliain	21.5 bliain
Bean aois 65	24.1 bliain	23.9 bliain

16. Nochtadh Páirtí Ghaolmhair

Ghlac an Coimisiún le nósanna imeachta i gcomhréir leis an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú i dtaca le leasanna a nochtadh ag baill an Choimisiúin, agus cloíodh leis na nósanna imeachta seo sa bhliain 2020.

Ní raibh aon idirbhearta páirtí ghaolmhair ann sna blianta 2020 nó 2019.

17. Imeachtaí i ndiaidh an Dáta Tuairiscithe

Níor tháinig aon eachtraí suntasacha aníos, seachas mar a dtugtar cuntas orthu thíos, i ndiaidh dheireadh na bliana ar gá iad a nochtadh laistigh de na ráitis airgeadais.

D'imir scaipeadh Covid-19 tionchar trom ar go leor geilleagair áitiúla ar fud na cruinne. Níl an dara rogha ag gnólaigh in go leor tíortha ach stop a chur le hoibríochtaí nó iad a theorannú ar feadh tréimhsí fada nó éiginnte ama.

Tá bearta a ndeachthas ina mbun chun scaipeadh an víris a shrianadh, cosc ar thaisteal, coraintín, scaradh sóisialta, agus seirbhísí a dhúnadh nach seirbhísí bunriachtanacha iad san áireamh, ina gcúis le cur isteach suntasach ar ghnólaigh ar fud an domhain, agus tá moilliú geilleagrach mar thoradh air seo.

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

D'fhreagair rialtais agus bainc cheannais trí idirghabháil airgeadaíochta agus fhioscach chun dálaí geilleagracha a chobhsú.

Tá tionchar na paindéime ag teacht chun cinn ar luas chomh tapa sin gur deacair an tionchar féin atá á imirt aige ar ghnólaicthe a dheimhniú. Mar sin féin, creideann an Coimisiún go bhfuil samhail ghnó dhaingean aige, agus le tacaíocht na máthair-roinne, na mbanc, na soláthraithe agus na bhfostaithe, beimid in ann déileáil leis na dúshláin a chruthaíonn Covid-19.

Measann an Coimisiún nach gá aon choigeartuithe ábhartha a dhéanamh ar luach anonn sócmhainní agus dliteanas ag deireadh na bliana mar thoradh ar an bpaindéim.

18. Gnóthas Leantach

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais ar bhonn gnóthas leantach a ghlacann leis go leanfaidh an Coimisiún ag oibriú leis don todhchaí intuartha. Braitheann bailíocht na toimhde seo ar chumas an Choimisiúin tacaíocht oibríochtúil leanúnach a fháil óna pháirtithe leasmhara i rith phaindéim Covid-19.

Rinneadh breithniú ar an tionchar a imríonn Covid-19 ar infheistíochtaí CFI fad a bhí an measúnú luachála á dhéanamh agus a bhí na buiséid agus na réamh-mheastacháin ar shreabhadh airgid á n-ullmhú. Tá an Coimisiún sásta go leanfar leis an tacaíocht airgeadais agus oibríochtúil eile a theastaíonn a chur ar fáil agus creideann sé gur cuí, ar an ábhar sin, na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthas leantach.

19. Deontais AE

Úsáidtear cistí barrachais a choimeádtar faoi Dheontais AE/NPP le haghaidh caipiteal oibre ar Thionscadail AE. Sceidealaítear éilimh gach sé mhí. Tugtar faoi deara, áfach, go nglacann sé idir dhá mhí dhéag agus ocht mí dhéag chun éilimh a phróiseáil agus ó na hagaí tionscanta éileamh agus d'fhéadfadh seo cur le cúlchistí barrachais.

Cúlchistí amhail an 1 Eanáir	278,100
Easnamh don bhliain reatha	(55,998)
Cúlchistí an 31 Nollaig	222,102

20. Faomhadh na ráiteas airgeadais

D'fhaomh an Coimisiún na Ráitis Airgeadais seo an 7 Nollaig 2021.



**WESTERN
DEVELOPMENT
COMMISSION**

Ag tacaíocht forbairt sa phobail, ag infheistiú i
ngnó chun fás agus ag pleanáil do todhchaí an
reigiúin iarthar.

Teach Dillon, Bealach an Doirín
Co. Ros Comáin, F45 WY26

Fón: +353 (0)94 986 1441
R-phost: info@wdc.ie

westerndevelopment.ie